# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 72

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

28 Feabhra 2023


Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**


2023/C 72/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11013 — CINVEN VII / OTPP / GROUP. ONE / DOGADO ) [1] ..... 1


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**


2023/C 72/02 LIOSTA COMHCHOITEANN MÍLEATA AN AONTAIS EORPAIGH arna ghlacadh ag an gComhairle an 20 Feabhra 2023 (trealamh a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle, lena sainítear comhrialacha faoina rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata) *(a dhéanfaidh Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh a nuashonrú agus a thiocfaidh ina ionad, arna ghlacadh ag an gComhairle an 21 Feabhra 2022) — An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES)* ..... 2

2023/C 72/03 Cinneadh ón gComhairle an 21 Feabhra 2023 lena gceaptar ceathrar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ..... 38


**An Coimisiún Eorpach**


2023/C 72/04 Rátaí malairte an euro — 27 Feabhra 2023 ..... 40

2023/C 72/05 Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid *(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006)* [1] ..... 41


GA

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

2023/C 72/06 Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid *(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006)* [1] ..... 42

2023/C 72/07 Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid *(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006)* [1] ..... 43

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

2023/C 72/08 Nuashonrú ar an liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) .............. 44

---

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 72/09 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10821 — YOKOHAMA RUBBER CO / TRELLEBORG WHEEL SYSTEMS HOLDING) [1] ........ 48

2023/C 72/10 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11003 — DTC / IRCP / DIAMOND TRANSMISSION PARTNERS / OFTO BUSINESS) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe [1] .................. 50

2023/C 72/11 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11053 — GROUP CREDIT AGRICOLE / MICHELIN / WATEA) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe [1] ........ 52

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 72/12 Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ........ 54

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.11013 — CINVEN VII / OTPP / GROUP.ONE / DOGADO )**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 72/01)

An 21 Feabhra 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin "mBeartas iomaíochta" atá ag an gCoimisiún (http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11013. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## LIOSTA COMHCHOITEANN MÍLEATA AN AONTAIS EORPAIGH

**arna ghlacadh ag an gComhairle an 20 Feabhra 2023**

**(trealamh a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle, lena sainítear comhrialacha faoina rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata)**

*(a dhéanfaidh Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh a nuashonrú agus a thiocfaidh ina ionad, arna ghlacadh ag an gComhairle an 21 Feabhra 2022* [1]*)*

*An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES)*

(2023/C 72/02)

Nóta 1 *Is téarmaí sainmhínithe iad na téarmaí faoi "comharthaí athfhriotail". Déantar tagairt do "Sainmhínithe ar na Téarmaí a úsáidtear sa Liosta seo" a ghabhann leis an Liosta seo.*

Nóta 2 *I gcásanna áirithe, is de réir ainm agus uimhir CAS a liostaítear ceimiceáin. Tá feidhm ag an liosta maidir le ceimiceáin arb ionann foirmle struchtúrach dóibh (lena n-áirítear hiodráití) is cuma cén t-ainm atá orthu nó cén uimhir CAS atá acu. Tugtar na huimhreacha CAS ionas go bhféadfar ceimiceán áirithe nó meascán áirithe a shainaithint, gan spleáchas ar ainmníocht. Ní féidir uimhreacha CAS a úsáid mar aitheantóirí uathúla toisc go bhfuil uimhreacha difriúla CAS ag foirmeacha áirithe de na ceimiceáin a liostaítear, agus toisc go bhféadfadh uimhreacha difriúla CAS a bheith ag meascáin ina bhfuil ceimiceán de na ceimiceáin a liostaítear.*

**ML1 Armáin mhínchró ag a bhfuil cailibre is lú ná 20 mm, armáin agus armáin uathoibríocha eile ag a bhfuil cailibre 12.7 mm (cailibre 0.50 orlach) nó níos lú agus gabhálais, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:**

Nóta *Níl feidhm ag ML1. maidir leo seo a leanas:*

*a. Airm thine a saindearadh le haghaidh armlón druile agus nach féidir diúracán a scaoileadh leo;*

*b. Airm thine a saindearadh chun diúracáin theaghránaithe a lainseáil, nach bhfuil aon lánán ardphléascach ná aon nasc cumarsáide iontu, agus a bhfuil raon 500 m nó níos lú acu;*

*c. Armáin ina n-úsáidtear armlón i gcásáil adhainte neamhlárnaí agus nach den chineál iad a dhéanann an lámhach go lán-uathoibríoch;*

*d. "Arm tine díghníomhachtaithe".*

[1] IO C 100, 1.3.2022, lch. 3.

*Nóta Teicniúil*

*Is éard atá in "arm tine díghníomhachtaithe" arm tine a cuireadh sa riocht nach féidir aon diúracán a scaoileadh leis trí phróisis arna sainiú ag údarás náisiúnta Bhallstát an Aontais nó an Stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar. Leis na próisis sin, déantar modhnú do-aisiompaithe ar eilimintí riachtanacha an airm tine. De réir dlíthe agus rialacháin náisiúnta, féadfar díghníomhachtú an airm tine a fhianú le deimhniú a eiseoidh údarás inniúil agus féadfar é a mharcáil ar an arm tine le stampa ar pháirt riachtanach éigin de.*

a. Raidhfilí agus gunnaí cumaisc, gunnaí láimhe, meaisínghunnaí, fo-mheaisínghunnaí agus gunnaí comhlámhaigh;

*Nóta* *Níl feidhm ag ML1.a. maidir leo seo a leanas:*

- *a. Raidhfilí agus gunnaí cumaisc, a monaraíodh roimh 1938;*
- *b. Atáirgthí raidhfilí agus gunnaí cumaisc, de raidhfilí nó de ghunnaí cumaisc ar monaraíodh a n-eiseamail bhunaidh roimh 1890;*
- *c. Gunnaí láimhe, gunnaí comhlámhaigh agus meaisínghunnaí a monaraíodh roimh 1890, agus atáirgthí díobh;*
- *d. Raidhfilí nó gunnaí láimhe, a saindearadh chun diúracán támh a scaoileadh le haer comhbhrúite nó le CO2;*
- *e. Gunnaí láimhe a saindearadh le haghaidh aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas:*
  - *1. Ainmhithe clóis a mharú; nó*
  - *2. Ainmhithe a shámhú.*

b. Armáin mhínchró mar a leanas:

1. Armáin mhínchró a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;
2. Armáin mhínchró eile mar a leanas:
   - a. Armáin de chineál lánuathoibríoch;
   - b. Armáin de chineál leath-uathoibríoch nó de chineál pumpoibríoch;

*Nóta* *Níl feidhm ag ML1.b.2. maidir le harmán a saindearadh chun diúracán támh a scaoileadh le haer comhbhrúite nó le CO2.*

*Nóta* *Níl feidhm ag ML1.b. maidir leo seo a leanas:*

- *a. Armáin mhínchró a monaraíodh roimh 1938;*
- *b. Atáirgthí armán mínchró, d'armáin mhínchró ar monaraíodh a n-eiseamail bhunaidh roimh 1890;*
- *c. Armáin mhínchró a úsáidtear chun críoch fiaigh nó spóirt. Níor cheart na harmáin sin a dhearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata nó le haghaidh lámhaigh atá go hiomlán uathoibríoch;*
- *d. Armáin mhínchró a saindearadh le haghaidh aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas:*
  - *1. Ainmhithe clóis a mharú;*
  - *2. Ainmhithe a shámhú;*
  - *3. Tástáil sheismeach;*
  - *4. Diúracáin thionsclaíocha a scaoileadh; nó*
  - *5. Gairis Phléascacha Sheiftithe Shuaiteacha (IEDanna).*

*N.B.* *Maidir le suaiteoirí, féachtar ML4 agus 1.A.6 i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

c. Armáin ina n-úsáidtear armlón gan chásáil;

d. Gabhálais a saindearadh le haghaidh airm a shonraítear in ML1.a., in ML1.b. nó in ML1.c., mar a leanas:

1. Cartúslanna inbhainte;
2. Sochtóirí nó maolaitheoirí fuaime;
3. "Gunna-shuíghléasanna";

*Nóta Teicniúil*

*Chun críocha ML1.d.3., is éard atá i gceist le "gunna-shuíghléas" daingneán a dearadh chun gunna a chur ar fheithicil talún, "aerárthach", soitheach nó struchtúr.*

4. Sochtóirí splaince;

5. Treorálaithe armáin optúla a dhéanann próiseáil leictreonach ar íomhánna;

6. Treorálaithe armáin optúla a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata.

**ML2 Armáin mhínchró ag a bhfuil cailibre 20 mm nó níos mó, armáin nó armáil eile ag a bhfuil cailibre is mó ná 12.7 mm (cailibre 0.50 orlach), teilgeoirí a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata agus gabhálais, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:**

a. Gunnaí, habhatsair, canóin, moirtéir, armáin fhritancacha, lainseálaithe diúracán, taibhle lasrach míleata, raidhfilí, raidhfilí neamh-athchasta agus armáin mhínchró;

*Nóta 1* *Áirítear le ML2.a. insteallairí, gairis mhéadrúcháin, umair stórála agus comhpháirteanna eile a saindearadh chun iad a úsáid le lánáin tiomána leachtacha i gcomhair aon chuid den trealamh a shonraítear in ML2.a.*

*Nóta 2* *Níl feidhm ag ML2.a. maidir le harmáin mar a leanas:*

*a. Raidhfilí, armáin mhínchró agus gunnaí cumaisc, a monaraíodh roimh 1938;*

*b. Atáirgthí raidhfilí, armán mínchró agus gunnaí cumaisc, ar monaraíodh a n-eiseamail bhunaidh roimh 1890;*

*c. Gunnaí, habhatsair, canóin, moirtéir, a monaraíodh roimh 1890;*

*d. Armáin mhínchró a úsáidtear chun críoch fiaigh nó spóirt. Níor cheart na harmáin sin a dhearadh go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata nó le haghaidh lámhaigh atá go hiomlán uathoibríoch;*

*e. Armáin mhínchró a saindearadh le haghaidh aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas:*

*1. Ainmhithe clóis a mharú;*

*2. Ainmhithe a shámhú;*

*3. Tástáil sheismeach;*

*4. Diúracáin thionsclaíocha a scaoileadh; nó*

*5. Gairis Phléascacha Sheiftithe Shuaiteacha (IEDanna);*

*N.B.* *Maidir le suaiteoirí, féachtar ML4 agus 1.A.6 i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

*f. Lainseálaithe diúracán a bheartaítear sa láimh a saindearadh chun diúracáin theaghránaithe a lainseáil, nach bhfuil aon lánán ardphléascach ná aon nasc cumarsáide iontu, agus a bhfuil raon 500 m nó níos lú acu.*

b. Teilgeoirí, a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, mar a leanas:

1. Teilgeoirí ceanastar deataigh;

2. Teilgeoirí ceanastar gáis;

3. Teilgeoirí ábhair phiriteicniúil;

*Nóta* *Níl feidhm ag ML2.b. maidir le piostail bhladhma.*

c. Gabhálais a saindearadh le haghaidh na n-armán a shonraítear in ML2.a, mar a leanas:

1. Treorálaithe armáin agus suíghléasanna le haghaidh treorálaithe armáin, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

2. Gairis lena laghdaítear an síniú;

3. Gléasadh;

4. Cartúslanna inbhainte;

d. Níor úsáideadh ó 2019 i leith

**ML3 Armlón agus gairis socraithe aidhnín, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:**

a. Armlón le haghaidh armáin a shonraítear in ML1, in ML2 nó in ML12;

b. Gairis socraithe aidhnín a saindearadh le haghaidh armlón a shonraítear in ML3.a.

*Nóta 1 Ar na comhpháirteanna saindeartha a shonraítear in ML3, áirítear iad seo a leanas:*

*a. Déantúis mhiotail nó phlaisteacha amhail inneonacha príméir, cupáin piléir, naisc chartús, bandaí rothlacha agus páirteanna miotail muinisean;*

*b. Gairis sábhála agus armála, aidhníní, braiteoirí agus gairis tionscanta;*

*c. Gairis soláthair cumhachta a bhfuil aschur oibriúcháin ard aonuaire acu;*

*d. Cásálacha inloiscthe le haghaidh lánán;*

*e. Fomhuinisin lena n-áirítear buaimíní, mionmhianaigh agus diúracáin chríochthreoraithe.*

*Nóta 2 Níl feidhm ag ML3.a. maidir le haon cheann díobh seo a leanas:*

*a. Armlón roctha nach bhfuil diúracán ann (armlón caoch);*

*b. Armlón druile a bhfuil cuasán púdair tollta air;*

*c. Armlón caoch eile agus armlón druile eile, nach bhfuil comhpháirteanna iontu a dearadh le haghaidh armlón beo; nó*

*d. Comhpháirteanna a saindearadh le haghaidh armlón caoch nó armlón druile, a shonraítear sa Nóta 2.a., b. nó c. seo.*

*Nóta 3 Níl feidhm ag ML3.a maidir le cartúis a saindearadh chun aon cheann de na críocha seo a leanas:*

*a. Comharthaíocht;*

*b. Éanlaith a scanrú; nó*

*c. Bladhmanna gáis a lasadh ag toibreacha ola.*

**ML4 Buamaí, toirpéid, roicéid, diúracáin, gairis agus lánáin phléascacha eile agus trealamh gaolmhar agus gabhálais ghaolmhara, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:**

*N.B.1. Maidir le trealamh treorach agus loingseoireachta, féach ML11.*

*N.B.2. Maidir le Córais um Chosaint Aerárthaí ar Dhiúracáin (AMPS), féachtar ML4.c.*

a. Buamaí, toirpéid, gránáidí, ceanastair deataigh, roicéid, mianaigh, diúracáin, lánáin doimhneachta, lánáin scartála, gairis scartála, miontrealamh scartála, gairis "ábhair phiriteicniúil", cartúis, fomhuinisin lena n-aghaidh agus ionsamhlóirí (i.e. trealamh lena ndéantar tréithe aon cheann de na hítimí sin a ionsamhlú), a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

*Nóta Áirítear le ML4.a.:*

a. *Gránáidí deataigh , buamaí dóiteáin, buamaí loiscneacha agus gairis phléascacha;*

b. *Soic diúracáin nó soic roicéid agus socphointí feithicle athiontrála.*

*N.B. D'armlón gránáid nó ceanastair le haghaidh armáin nó teilgeoirí a shonraítear in ML1 nó ML2 agus fomhuinisin a saindearadh le haghaidh armlón, féach ML3.*

b. Trealamh ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:

1. Saindearadh é le haghaidh úsáid mhíleata; agus

2. Saindearadh é le haghaidh "gníomhaíochtaí" a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:

   a. Ítimí a shonraítear in ML4.a.; nó

   b. Gairis Phléascacha Sheiftithe (IEDanna);

*Nóta Teicniúil*

*Chun críoch ML4.b. tá feidhm ag "gníomhaíochtaí" maidir le láimhseáil, lainseáil, leagan, rialú, scaoileadh, madhmadh, gníomhachtú, cumhachtú le haschur oibriúcháin aonuaire, díthreorú, trasnaíocht, scuabadh, brath, suaitheadh nó diúscairt.*

*Nóta 1* *Áirítear le ML4.b.:*

*a. Trealamh soghluaiste leachtaithe gáis;*

*b. Cábla snámhach leictrisheoltach atá oiriúnach chun mianaigh mhaighnéadacha a scuabadh.*

*Nóta 2* *Níl feidhm ag ML4.b. maidir le gairis láimhe, atá teoranta trína ndearadh chun réada miotail a bhrath agus nach bhfuil in ann aithint idir mianaigh agus réada eile miotail.*

*c.* Córais um Chosaint Aerárthaí ar Dhiúracáin (AMPS).

*Nóta* *Níl feidhm ag ML4.c. maidir le Córais um Chosaint Aerárthaí ar Dhiúracáin (AMPS) ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:*

a. *Aon cheann de na braiteoirí rabhaidh diúracáin seo a leanas:*

1. *Braiteoirí éighníomhacha ag a bhfuil buaicfhreagairt 100-400 nm; nó*

2. *Braiteoirí rabhaidh diúracáin den chineál gníomhach a oibríonn le bíoga Doppler;*

b. *Córais dáilte frithbheart;*

c. *Bladhmanna, a fhágann síniú infheicthe agus síniú infraidhearg, chun diúracáin dromchla go haer a dhíthreorú; agus*

d. *Iad suiteáilte ar "aerárthach sibhialta" agus na tréithe uile seo a leanas acu:*

1. *Ní féidir an Córas um Chosaint Aerárthaí ar Dhiúracáin (AMPS) a fheidhmiú ach amháin in "aerárthach sibhialta" ar leith inar suiteáladh an AMPS áirithe agus dár eisíodh aon cheann díobh seo a leanas:*

a. *Deimhniú Cineáil sibhialta a d'eisigh údaráis eitlíochta sibhialta i gceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh nó de stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar; nó*

b. *A choibhéis de dhoiciméad, ar doiciméad é atá aitheanta ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI);*

2. *Tá cosaint ag an gCóras um Chosaint Aerárthaí ar Dhiúracáin (AMPS) lena gcoisctear rochtain neamhúdaraithe ar "bhogearraí"; agus*

3. *Tá meicníocht ghníomhach ina cuid den Chóras um Chosaint Aerárthaí ar Dhiúracáin (AMPS), meicníocht a thugann ar an gcóras gan feidhmiú ón uair a bhaintear an córas amach as "aerárthach sibhialta" inar suiteáladh é.*

**ML5 Trealamh rialaithe lámhaigh, trealamh faireachais agus trealamh rabhaidh, agus córais ghaolmhara, trealamh tástála agus ailíniúcháin agus frithbheartach, mar a leanas, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais a saindearadh lena n-aghaidh:**

a. Treorálaithe armáin, ríomhairí buamála, trealamh gunna-threorála agus córais rialaithe armán;

b. Trealamh eile rialaithe lámhaigh, trealamh eile faireachais agus rabhaidh, agus córais ghaolmhara, mar a leanas:

1. Córais le haghaidh aimsiú, sainiú, raon-tomhas, faireachas nó rianú targaide;

2. Trealamh braite, aitheantais nó sainaitheantais;

3. Trealamh cumaiscthe sonraí nó trealamh comhtháite braiteoirí;

c. Trealamh frithbheartach le haghaidh ítimí a shonraítear in ML5.a. nó in ML5.b.;

*Nóta* *Chun críocha ML5.c., áirítear gur trealamh frithbheartach is ea trealamh braite.*

d. Trealamh um thástáil allamuigh nó trealamh ailíniúcháin, a saindearadh le haghaidh na n-ítimí a sonraítear in ML5.a., ML5.b. nó ML5.c.

**ML6 Feithiclí talún agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar a leanas:**

*N.B. Maidir le trealamh treorach agus loingseoireachta, féach ML11.*

a. Feithiclí talún agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata;

*Nóta 1 Áirítear le ML6.a.:*

*a. Tancanna agus feithiclí armtha míleata eile agus feithiclí míleata ar a bhfuil suíghléasanna airm feistithe nó trealamh chun mianaigh a leagan nó trealamh chun muinisin a lainseáil, a shonraítear in ML4;*

*b. Feithiclí armúrtha;*

*c. Feithiclí amfaibiacha agus feithiclí a úsáidtear chun áthanna doimhne a thrasnú;*

*d. Feithiclí aisghabhála agus feithiclí a úsáidtear chun armlón nó córais armán a tharraingt nó a iompar agus an trealamh láimhsithe ualaí a ghabhann leis;*

*e. Leantóirí.*

*Nóta 2 Maidir le feithicil talún a mhodhnú le haghaidh na húsáide míleata a shonraítear in ML6.a., bíonn mar chuid de sin athrú struchtúrach, leictreach nó meicniúil a dhéantar le comhpháirt amháin nó breis a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata. Áirítear ar na comhpháirteanna sin:*

*a. Cásálacha aerbhoinn de chineál a saindearadh chun go mbeidís piléardhíonach;*

*b. Cosaint armúrtha do pháirteanna ríthábhachta (e.g. umair bhreosla nó cábáin feithicle);*

*c. Atreisiúcháin nó suíghléasanna speisialta le haghaidh armán;*

*d. Soilsiú fáilí.*

b. Feithiclí talún eile agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar a leanas:

1. Feithiclí ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:

a. Monaraíodh iad, nó feistíodh ábhar nó comhpháirteanna iontu, lena n-úsáid chun cosaint bhalaistíoch a thabhairt a bheidh chomh maith le leibhéal III (NIJ 0108.01, Meán Fómhair 1985), nó "caighdeáin choibhéiseacha" nó níos fearr ná sin;

b. Traiseoladh a chuirfidh tiomáint faoi na rothaí tosaigh agus faoi na rothaí deiridh go comhuaineach, lena n-áirítear córais traseolta le haghaidh feithiclí a bhfuil rothaí breise orthu chun críoch iompair ualaigh, bíodh tiomáint ag dul chun na rothaí sin nó ná bíodh;

c. Rátáil Ollmheáchain Feithicle (GVWR) is mó ná 4 500 kg; agus

d. Dearadh iad nó modhnaíodh iad le haghaidh úsáid easbhóthair;

2. Comhpháirteanna ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:

a. Saindearadh iad le haghaidh na bhfeithiclí a shonraítear in ML6.b.1.; agus

b. Tugann siad cosaint bhalaistíoch a bheidh chomh maith le leibhéal III (NIJ 0108.01, Meán Fómhair 1985), nó "caighdeáin choibhéiseacha" nó níos fearr ná sin.

*N.B. Féachtar freisin ML13.a.*

*Nóta 1 Níl feidhm ag ML6 maidir le feithiclí sibhialta a dearadh nó a modhnaíodh chun airgead nó nithe luachmhara a iompar.*

*Nóta 2 Níl feidhm ag ML6 maidir le feithiclí ag a bhfuil na tréithe seo uile a leanas;*

*a. Monaraíodh iad roimh 1946;*

*b. Níl ítimí iontu a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais agus a monaraíodh tar éis 1945, cé is moite d'atáirgthí comhpháirteanna bunaidh nó gabhálas bunaidh le haghaidh na feithicle; agus*

*c. Níl ina gcuid díobh armáin a shonraítear in ML1, ML2 ná ML4 ach amháin más armáin iad atá do-oibrithe agus nach bhfuil in ann diúracán a scaoileadh.*

**ML7 Oibreáin cheimiceacha, “oibreáin bhitheolaíocha”, “oibreáin smachtaithe círéibe”, ábhair radaighníomhacha, trealamh gaolmhar, comhpháirteanna gaolmhara agus ábhair ghaolmhara, mar a leanas:**

a. “Oibreáin bhitheolaíocha” nó ábhair radaighníomhacha a roghnaíodh nó a modhnaíodh chun cur lena n-éifeachtacht maidir le taismigh a dhéanamh de dhaoine nó d’ainmhithe, trealamh a dhíghrádú nó damáiste a dhéanamh do bharra nó don chomhshaol;

b. Oibreáin cogaíochta ceimicí (CC), lena n-áirítear:

1. Néar-oibreáin CC:

a. Fosfónafluairíodáití ailcile (meitil, eitil, n-próipil nó iseapróipil) O-ailcile (≤ C10, cioglailcil san áireamh) – iad seo a leanas mar shampla:

Sarain (GB):meitiolfosfónafluairíodáit o-iseapróipile (CAS 107-44-8); agus

Sóman (GD):meitiolfosfónafluairíodáit O-pineacóilile (CAS 96-64-0);

b. O-ailcil (≤ C10, cioglailcil san áireamh) Fosfaraimídiciainíodáití (Meitil, Eitril, n-Próipil nó Iseapróipil) N, N-dé-ailcile, iad seo a leanas mar shampla: Tabun (GA):O-Eitil N,N-démheitiolfosfaraimídiciainíodáit (CAS 77-81-6);

c. O-ailcil (H nó ≤ C10, cioglailcil san áireamh) Fosfónaitióláitíailcile (meitil, eitil, n-próipil nó iseapróipil) (meitil, eitil, n-próipil nó iseapróipil)-aimíneitile S-2-dé-ailcile agus na salainn ailcilithe agus na salainn phrótónaithe a fhreagraíonn dóibh – iad seo a leanas mar shampla:

VX: meitiolfosfónaitióláit mheitile S-2-dé-iseapróipiolaimíneitile O-eitile (CAS 50782-69-9);

2. Oibreáin spuaiceán CC:

a. Mustaird sulfair, iad seo a leanas mar shampla:

1. 2-Clóireitilclóraimeitiolsuilfíd (CAS 2625-76-5);
2. Suilfíd bhis(2-clóireitil) (CAS RN 505-60-2);
3. Bis(2-clóireitiltia)meatán (CAS RN 63869-13-6);
4. 1,2-bis(2-clóireitiltia)eatán (CAS RN 3563-36-8);
5. 1,3-bis(2-clóireitiltia)-n-própán (CAS RN 63905-10-2);
6. 1,4-bis(2-clóireitiltia)-n-bútán (CAS 142868-93-7);
7. 1,5-bis(2-clóireitiltia)-n-peantán (CAS 142868-94-8);
8. Bis(2-clóireitiltiameitil)éitear (CAS RN 63918-90-1);
9. Bis(2-clóireitiltia-eitil)éitear (CAS RN 63918-89-8);

b. Lobhaoisítí, iad seo a leanas mar shampla:

1. 2-clóraivinildéchlórairsín (CAS 541-25-3);
2. Trios(2-clóraivinil)airsín (CAS RN 40334-70-1);
3. Bios(2-clóraivinil)clórairsín (CAS RN 40334-69-8);

c. Mustaird nítrigine, iad seo a leanas mar shampla:

1. HN1: bis(2-clóireitil)eitiolaimín (CAS RN 538-07-8);
2. HN2: bis(2-clóireitil)meitiolaimín (CAS RN 51-75-2);
3. HN3: trios(2-clóireitil)aimín (CAS RN 555-77-1);

3. Oibreáin éagumasúcháin CC, iad seo a leanas mar shampla:

a. Beinsíoláit 3-cuiniclidinile (BZ) (CAS 6581-06-2);

4. Duillscamhóirí CC, iad seo a leanas mar shampla:

a. 2-Clóra-4-fluaraifeanocsaicéatáit bhúitile (LNF);

b. Aigéad 2,4,5-tríchlóraifeanocsaicéiteach (CAS 93-76-5) measctha le haigéad 2,4-déchlóraifeanoc-saicéiteach (CAS 94-75-7) (Agent Orange (CAS 39277-47-9));

c. Réamhtheachtaithe dénartha CC agus eochair-réamhtheachtaithe CC, mar a leanas:

1. Défhluairídí fosfóinile ailcile (Meitil, Eitril, n-Próipil nó Iseapróipil), iad seo a leanas mar shampla: DF: Défhluairíd fosfóinile mheitile (CAS 676-99-3);

2. Fosfónaítí ailcile (meitil, eitil, n-próipil nó iseapróipil) (meitil, eitil, n-próipil nó iseapróipil)-aimíneitile O-2-dé-ailcile O-ailcile (H nó ≤ $C_{10}$, cioglailcil san áireamh) agus na salainn ailcilithe agus na salainn phrótónaithe a fhreagraíonn dóibh – iad seo a leanas mar shampla:

   QL: Meitiolfosfóinít O-2-dé-iseapróipiolaimíneitile O-eitile

   (CAS 57856-11-8);

3. Clórasarain: Meitiolfosfónaclóiríodáit o-iseapróipile (CAS 1445-76-7);

4. Clórasóman: Meitiolfosfónaclóiríodáit o-pineacóilile (CAS 7040-57-5);

d. "Oibreáin smachtaithe círéibe", comhcheimiceáin ghníomhacha agus cumaisc díobh sin, ar a n-áirítear:

1. α-Brómaibeinsinaicéitinítríl, (ciainíd brómaibeinsile) (CA) (CAS 5798-79-8);

2. [(2-Clóraifeinil) meitiléin] própáin-nítríl,

   (o-Clóraibeinsilidinmalónítríl) (CS) (CAS 2698-41-1);

3. 2-clóra-1-feinileatánón, clóiríd feiniolaicil

   (ω-clóraicéitifeanón) (CN) (CAS 532-27-4);

4. Débheins-(b,f)-1,4-ocsaiseifín (CR) (CAS 257-07-8);

5. 10-Clóra-5,10-déhidrifeanarsaisín, (Clóiríd feanarsaisín), (adaimsít), (DM) (CAS 578-94-9);

6. N-Naonánóilmorfóilín, (MPA)(CAS 5299-64-9);

<u>Nóta 1</u> *Níl feidhm ag ML7.d. maidir le "hoibreáin smachtaithe círéibe" atá pacáistithe ina gceann is ina gceann le haghaidh a n-úsáide chun féinchosanta pearsanta.*

<u>Nóta 2</u> *Níl feidhm ag ML7.d. maidir le comhábhair cheimiceacha ghníomhacha, ná maidir le teaglamaí díobh, atá sainaitheanta agus pacáistithe le haghaidh a n-úsáide chun bia a tháirgeadh nó chun críoch míochaine.*

e. Trealamh a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, a dearadh nó a modhnaíodh chun aon cheann díobh seo a leanas a scaipeadh, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh sin:

1. Ábhair nó oibreáin a shonraítear in ML7.a, in ML7.b. nó in ML7.d.; nó

2. Oibreáin CC atá comhdhéanta de réamhtheachtaithe a shonraítear in ML7.c.;

f. Trealamh cosanta agus dí-éilliúcháin, a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, comhpháirteanna agus meascáin cheimiceacha, mar a leanas:

1. Trealamh a dearadh nó a modhnaíodh chun cosaint a thabhairt ar ábhair a shonraítear in ML7.a., ML7.b. nó ML7.d., agus comhpháirteanna a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin;

2. Trealamh a dearadh nó a modhnaíodh chun earraí atá éillithe le hábhair a shonraítear in ML7.a. nó in ML7.b. a dhí-éilliú, agus comhpháirteanna a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin;

3. Meascáin cheimiceacha a sainfhorbraíodh nó a sainfhoirmlíodh chun earraí atá éillithe le hábhair a shonraítear in ML7.a. nó in ML7.b. a dhí-éilliú;

<u>Nóta</u> *Áirítear le ML7.f.1.:*

*a. Aonaid aerchóiriúcháin a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh scagachán núicléach, bitheolaíoch nó ceimiceach;*

*b. Éadaí cosanta.*

<u>N.B.</u> *Maidir le gásmhaisc shibhialta, trealamh cosanta agus dí-éilliúcháin, féachtar freisin iontráil 1.A.4. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

g. Trealamh a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, a dearadh nó a modhnaíodh chun aon cheann díobh seo a leanas a bhrath nó a shainaithint, agus comhpháirteanna a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin;

<u>Nóta</u> *Níl feidhm ag ML7.g. maidir le dáileogmhéadair phearsanta chun monatóireacht a dhéanamh ar radaíocht.*

<u>N.B.</u> *Féach freisin iontráil 1.A.4. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

h. "Bithpholaiméirí" a saindearadh nó a sainphróiseáladh chun oibreáin CC a shonraítear in ML7.b. a bhrath nó a shainaithint, agus na saothráin de chealla sonracha a úsáidtear chun iad a tháirgeadh;

i. "Bithchatalaígh" chun oibreáin CC a dhí-éilliú nó a dhíghrádú, agus córais bhitheolaíocha lena n-aghaidh, mar a leanas:

   1. "Bithchatalaígh" a saindearadh chun oibreáin CC a shonraítear in ML7.b. a dhí-éilliú nó a dhíghrádú, agus atá ina dtoradh ar roghnú treoraithe saotharlainne nó ar innealtóireacht ghéiniteach ar chórais bhitheolaíocha;

   2. Córais bhitheolaíocha ina bhfuil an fhaisnéis ghéiniteach is sonrach do tháirgeadh "bithchatalaíoch" a shonraítear in ML7.i.1., mar a leanas:

      a. "Veicteoirí léiriúcháin";

      b. Víris;

      c. Saothráin ceall.

<u>Nóta 1</u> *Níl feidhm ag ML7.b. ná ag ML7.d. maidir leo seo a leanas:*

*a. Clóiríd chianaigine (CAS 506-77-4);*

*b. Aigéad hidriciaineach (CAS 74-90-8);*

*c. Clóirín (CAS 7782-50-5);*

*d. Clóiríd charbóinile (foisgéin) (CAS 75-44-5);*

*e. Défhoisgéin (tríchlóraimeitil-clóraformáit) (CAS 503-38-8);*

*f. Níor úsáideadh ó 2004 i leith*

*g. Bróimíd xilile, orta: (CAS 89-92-9), meitea: (CAS 620-13-3), mír: (CAS 104-81-4);*

*h. Bróimíd bheinsile (CAS 100-39-0);*

*i. Iaidíd bheinsile (CAS 620-05-3);*

*j. Bróimíd aicéatóin (CAS 598-31-2);*

*k. Bróimíd chianaigine (CAS 506-68-3);*

*l. Céatón eitile brómaimeitile (CAS 816-40-0);*

*m. Clóraicéatón (CAS 78-95-5);*

*n. Iadaicéatáit eitile (CAS 623-48-3);*

*o. Iadaicéatón (CAS 3019-04-3);*

*p. Clóraipicrin (CAS 76-06-2).*

<u>Nóta 2</u> *Na saothráin ceall agus na córais bhitheolaíocha a shonraítear in ML7.h. agus ML7.i.2., is saothráin eisiacha iad agus níl feidhm ag na fo-ítimí sin maidir le cealla nó córais bhitheolaíocha chun críoch sibhialta, amhail talmhaíocht, cógaisíocht, míochaine, tréidliacht, an comhshaol, bainistiú dramhaíola, ná i dtionscal an bhia.*

**ML8 "Ábhair fuinneamhachais", agus substaintí gaolmhara, mar a leanas:**

<u>N.B.1.</u> *Féach freisin iontráil 1.C.11. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

<u>N.B.2.</u> *Maidir le lánáin agus gairis, féachtar ML4 agus iontráil 1.A.8. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

<u>*Nótaí Teicniúla*</u>

*1. Chun críocha ML8, cé is moite de ML8.c.11. nó ML8.c.12., tagraíonn "meascán" do chomhdhéanamh dhá shubstaint nó níos mó a ndéantar ar a laghad substaint amháin acu a liostú i bhfo-ítimí ML8.*

*2. Aon substaint a liostaítear i bhfo-ítimí ML8, tá sí faoi réir an liosta seo, fiú nuair a úsáidtear í i bhfeidhmchlár seachas an feidhmchlár a luaitear. (e.g. is mar phléascán a úsáidtear TAGN, den chuid is mó, ach is féidir é a úsáid freisin mar bhreosla nó mar ocsaídeoir.)*

*3. Chun críocha ML8, is éard is méid na gcáithníní ann meántrastomhas na gcáithníní ar bhonn meáchain nó toirte. Úsáidfear caighdeáin idirnáisiúnta nó a gcoibhéis de chaighdeáin náisiúnta chun an tsampláil a dhéanamh agus méid na gcáithníní a chinneadh.*

a. "Pléascáin" mar a leanas, agus "meascáin" díobh:

1. ADNBF (aimíndénítribeinseafúrocsán nó 7-aimín-4,6-dénítribeinseafúrasán-1-ocsaíd) (CAS 97096-78-1);

2. BNCP (sárchlóráit chóbailt(III) (5-nítriteatrasólát)teatraimín chis-bis)

   (CAS 117412-28-9);

3. CL-14 (dénítribeinseafúrocsán dé-aimín nó 5,7-dé-aimín-4,6-dénítribeinseafúrasán-1-ocsaíd) (CAS 117907-74-1);

4. CL-20 (HNIW nó Heacsainítriheacsasawurtzíotán) (CAS 135285-90-4); clatráití ó CL-20 (maidir lena "réamhtheachtaithe", féachtar freisin ML8.g.3. agus g.4.);

5. CP (sárchlóráit chóbailt (III) pheantaimín 2-(5-ciantrasaláta))

   (CAS 70247-32-4);

6. DADE (1,1-dé-aimín-2,2-dénítreitiléin, FOX-7) (CAS 145250-81-3);

7. DATB (dé-aimíntrínítribeinséin) (CAS 1630-08-6);

8. DDFP (1,4-dénítridhéfhúrasánaipipioraisín);

9. DDPO (2,6-dé-aimínea-3,5-dénítripioraisín-1-ocsaíd, PZO) (CAS 194486-77-6);

10. DIPAM (3,3′-dé-aimínea-2,2′,4,4′,6,6′-heacsainítridéfheinil nó déphiocraimíd)

    (CAS 17215-44-0);

11. DNGU (DINGU nó dénítrigliocólúiril) (CAS 55510-04-8);

12. Fúrasáin mar a leanas:

    a. DAAOF (DAAF, DAAFox, nó dé-aimíonasocsafúrasán);

    b. DAAzF (dé-aimíonasafúrasán) (CAS 78644-90-3);

13. HMX agus díorthaigh (maidir lena "réamhtheachtaithe, féachtar freisin ML8.g.5.), mar a leanas:

    a. HMX (Cigliteitrimeitiléinteitriníotraimín, ochtaihidrea-1,3,5,7-teitrinítrea-1,3,5,7-teatraisín, 1,3,5,7-teitrinítrea-1,3,5,7-teatrasa-cioglochtán, ochtaigin nó ochtaigéin) (CAS 2691-41-0);

    b. analóga défhluaraimínithe de HMX;

    c. K-55 (2,4,6,8-teitrinítrea-2,4,6,8-teatrasa-déchiogla-[3,3,0]ochtánón-3, teitrinítrileathghliocúiril or HMX céata-déchioglach) (CAS 130256-72-3);

14. HNAD (heicsinítreadamantán) (CAS 143850-71-9);

15. HNS (heicsinítristilbéin) (CAS 20062-22-0);

16. Imíodasóil mar a leanas:

    a. BNNII ([4,5-d]Imíodasól ochtaihidrea-2,5-bis(níotraimínea)imíodasa);

    b. DNI (2,4-dénítrimíodasól) (CAS 5213-49-0);

    c. FDIA (1-fluara-2,4-dénítrimíodasól);

    d. NTDNIA (N-(2-nítritrí-asól)-2,4-dénítrimíodasól);

    e. PTIA (1-picril-2,4,5-trínítrimíodasól);

17. NTNMH (hiodraisín 1-(2-nítritrí-asól)-2-dénítrimeitiléine);

18. NTO (ONTA nó 3-nítrea-1,2,4-trí-asól-5-ón) (CAS 932-64-9);

19. Polainítreacúbáin ina bhfuil breis agus ceithre ghrúpa nítreacha;

20. PYX (2,6-Bis(picriolaimín)-3,5-dénítripiridín) (CAS 38082-89-2);

21. RDX agus díorthaigh, mar a leanas:

    a. RDX (ciglitrímheitiléintríníotraimín, cioglóinít, T4, heicsihidrea-1,3,5-trínítrea-1,3,5-trí-aisín, 1,3,5-trínítrea-1,3,5-trí-asa-cigliheacsán, heacsaigin nó heacsaigéin) (CAS 121-82-4);

    b. Keto-RDX (K-6 nó 2,4,6-trínítrea-2,4,6-trí-asaicigliheacsanón)

       (CAS 115029-35-1);

22. TAGN (trí-aimíneaguainidíniníotráit) (CAS 4000-16-2);

23. TATB (trí-aimínithrínítribeinséin) (CAS 3058-38-6) (maidir lena 'réamhtheachtaithe', féach freisin ML8.g.7);

24. TEDDZ (3,3,7,7-teitribis(défhluaraimín)-ochtaihidrea-1,5-dénítrea-1,5-dé-asaicín);

25. Teatrasóil mar a leanas:

    a. NTAT (aimíniteatrasól nítrithrí-asóil);

    b. NTNT (1-N-(2-nítrithrí-asóla)-4-nítriteatrasól);

26. Teitril (trínítrifeinilmeitilníotraimín) (CAS 479-45-8);

27. TNAD (1,4,5,8-teitrinítrea-1,4,5,8-teatrasadeacailin) (CAS 135877-16-6)

    (féach freisin ML8.g.6. maidir lena 'réamhtheachtaithe');

28. TNAZ (1,3,3-tríníotraiseitidín) (CAS 97645-24-4)

    (féach freisin ML8.g.2. maidir lena 'réamhtheachtaithe');

29. TNGU (SORGUYL nó teitrinítrigliocólúiril) (CAS 55510-03-7);

30. TNP (1,4,5,8-teitrinítrea-piriodaisíni[4,5-d]piriodaisín) (CAS 229176-04-9);

31. Trí-aisíní mar a leanas:

    a. DNAM (2-ocsa-4,6-déníotraimínea-s-trí-aisín) (CAS 19899-80-0);

    b. NNHT (2-níotraimínea-5-nítrea-heicsihidrea-1,3,5-trí-aisín)

       (CAS 130400-13-4);

32. Trí-asóil mar a leanas:

    a. 5-aisídea-2-nítrithrí-asól;

    b. ADHTDN (déníotraimíd 4-aimínea-3,5-déhiodraisínea-1,2,4-trí-asóil)

       (CAS 1614-08-0);

    c. ADNT (1-aimínea-3,5-dénítrea-1,2,4-trí-asól);

    d. BDNTA ((bis-dénítrithrí-asól)aimín);

    e. DBT (3,3′-dénítrea-5,5-dé-1,2,4-trí-asól) (CAS 30003-46-4);

    f. DNBT (dénítribisthrí-asól) (CAS 70890-46-9);

    g. Níor úsáideadh ó 2010 i leith

    h. NTDNT (3,5-dénítrithrí-asól 1-N-(2-nítrithrí-asóla));

    i. PDNT (1-picril-3,5-dénítrithrí-asól);

    j. TACOT (teitrinítribeansaithrí-asólaibeinsithrí-asól) (CAS 25243-36-1);

33. 'Pléascáin' nach liostaítear in aon áit eile in ML8.a. agus ag a bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas:

    a. Treoluas madhmtha is mó ná 8 700 m/s, ag uasdlús, nó

    b. Brú madhmtha is mó ná 34 GPa (340 kbar);

34. Níor úsáideadh ó 2013 i leith

35. DNAN (2,4-déníotranasól) (CAS 119-27-7);

36. TEX (4,10-Dénítrea-2,6,8,12-teatrocsa-4,10-dé-asawurtzíotán);

37. GUDN (Déníotraimíd ghuainiolúiré) FOX-12 (CAS 217464-38-5);

38. Teatraisíní mar a leanas:

    a. BTAT (Bis(2,2,2-trínítreitil)-3,6-dé-aimíniteatraisín);

    b. LAX-112 (3,6-dé-aimínea-1,2,4,5-teatraisín-1,4-dé-ocsaíd);

39. Ábhair ianacha fuinneamhachais a leánn idir 343 K (70 °C) agus 373 K (100 °C) agus ag a bhfuil treoluas madhmtha is mó ná 6 800 m/s nó brú madhmtha acu is mó ná 18 GPa (180 kbar);

40. BTNEN (Bis(2,2,2-trínítreitil)-níotraimín) (CAS 19836-28-3);

41. FTDO (1,2,3,4-teatraisín-1,3-dé-ocsaíd 5,6-(3',4'-fúrasána)-);

42. EDNA (Eitiléindéníotraimín) (CAS 505-71-5);

43. TKX-50 (5,5'-bisteatrasól-1,1'-dé-óláit déhiodrocsalamóiniam);

*Nóta Áirítear le ML8.a. 'comhchriostail phléascacha'.*

Nóta Teicniúil

*Is éard is 'comhchriostal pléascach' ann ábhar soladach arb é atá ann eagrú tríthoiseach ordúil de dhá mhóilín phléascacha nó níos mó, agus ar ceann a shonraítear in ML8.a. ceann amháin ar a laghad díobh sin.*

b. 'Tiomántáin', mar a leanas:

1. Aon 'tiomántán' soladach ag a bhfuil ríog shonrach theoiriciúil (faoi choinníollacha caighdeánacha) is mó ná:

    a. 240 soicind i gcás 'tiomántán' neamh-halaiginithe neamh-mhiotalaithe;

    b. 250 soicind i gcás 'tiomántán' neamh-mhiotalaithe halaiginithe; nó

    c. 260 soicind i gcás 'tiomántán' miotalaithe;

2. Níor úsáideadh ó 2013 i leith

3. 'Tiomántáin' ag a bhfuil tairiseach fórsa is mó ná 1 200 kJ/kg;

4. 'Tiomántáin' atá in ann ráta dócháin líneach foistine is mó ná 38 mm/s a choinneáil faoi dhálaí caighdeánacha (arna thomhas i bhfoirm snáithe aonair choiscthe) 6.89 MPa (68.9 bar) de bhrú agus 294 K (21°C);

5. 'Tiomántáin' de Bhun Dúbailte ó Theilgean Leaistiméir Mhodhnaithe (EMCDB) ag a bhfuil inbhorrthacht faoi uas-strus is mó ná 5 % ag 233 K (- -40°C);

6. Aon 'tiomántán' ina bhfuil substaintí a shonraítear in ML8.a.;

7. 'Tiomántáin', nach sonraítear in aon áit eile i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

c. 'Ábhair phiriteicniúla', breoslaí agus substaintí gaolmhara, mar a leanas, agus 'meascáin' díobh sin:

1. Breoslaí 'aerárthaigh' a sainfhoirmlíodh chun críoch míleata;

*Nóta 1 Níl feidhm ag ML8.c.1 maidir leis na breoslaí 'aerárthaigh' seo a leanas: JP-4, JP-5 agus JP-8.*

*Nóta 2 Breoslaí 'aerárthaigh' a shonraítear in ML8.c.1., is críochtháirgí iad, agus ní comhábhair díobh iad.*

2. Alán (hidríd alúmanaim) (CAS 7784-21-6);

3. Bóráin, mar a leanas, agus a gcuid díorthach:

    a. Carbóráin;

    b. Homalóga bóráin, mar a leanas:

        1. Deacabórán (14) (CAS 17702-41-9);

        2. Peinteabórán (9) (CAS 19624-22-7);

        3. Peinteabórán (11) (CAS 18433-84-6);

4. Hiodraisín agus díorthaigh, mar a leanas (maidir le díorthaigh hiodraisín ocsaídiúcháin, féach freisin ML8. d.8. agus d.9.):

   a. Hiodraisín (CAS 302-01-2) nuair is mó ná 70 % an tiúchan ann;

   b. Hiodraisín monaimeitile (CAS 60-34-4);

   c. Hiodraisín démheitile siméadrach (CAS RN 540-73-8);

   d. Hiodraisín démheitile neamhshiméadrach (CAS 57-14-7);

   Nóta *Níl feidhm ag ML8.c.4.a. maidir le 'meascáin' hiodraisín a sainfhoirmlíodh le haghaidh rialú creimthe.*

5. Breoslaí miotail, 'meascáin' breosla nó 'meascáin' de 'ábhair phiriteicniúla', i bhfoirm cáithníní, bídís sféarúil, adamhaithe, sféaróideach, calógach nó meilte, a monaraíodh as ábhar ina bhfuil cion 99 % nó níos mó d'aon cheann díobh seo a leanas:

   a. Miotail, mar a leanas, agus 'meascáin' díobh:

      1. Beirilliam (CAS 7440-41-7) ar lú ná 60 µm méid na gcáithníní ann;

      2. Púdar iarainn (CAS 7439-89-6) arb é 3 µm nó níos lú méid na gcáithníní ann, a táirgeadh trí ocsaíd iarainn a dhí-ocsaídiú le hidrigin;

   b. 'Meascáin' ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

      1. Siorcóiniam (CAS 7440-67-7), maignéisiam (CAS 7439-95-4) nó cóimhiotail díobh sin, ar lú ná 60 µm méid na gcáithníní iontu; nó

      2. Breoslaí bóróin (CAS 7440-42-8) nó cairbíde bóróin (CAS 12069-32-8) ag a bhfuil de íonacht 85 % nó níos mó agus ar lú ná 60 µm méid na gcáithníní iontu;

   Nóta 1 *Tá feidhm ag ML8.c.5 maidir le 'pléascáin' agus breoslaí, bíodh nó ná bíodh na miotail nó na cóimhiotail sin imchochlaithe in alúmanam, maignéisiam, siorcóiniam nó i mbeirilliam.*

   Nóta 2 *Níl feidhm ag ML8.c.5.b. maidir le breoslaí miotail i bhfoirm cáithníní ach amháin i gcás inar meascadh iad le substaintí eile chun 'meascán' a dhéanamh agus a fhoirmliú chun críoch míleata amhail sciodair 'tiomántáin' leachtaigh, 'tiomántáin' sholadacha, nó 'meascáin' de 'ábhair phiriteicniúla'.*

   Nóta 3 *Níl feidhm ag ML8.c.5.b.2. maidir le bórón ná cairbíd bhóróin atá saibhrithe le bórón-10 (cion iomlán 20 % nó níos mó de bhórón-10).*

6. Ábhair mhíleata, ina bhfuil tiúsóirí i gcomhair breoslaí hidreacarbóin, a sainfhoirmlíodh lena n-úsáid i dtaibhle lasrach nó i muinisin loiscneacha, amhail stéaráití miotail (e.g. octal (CAS 637-12-7)) nó pailmiotáití;

7. Sárchlóráití, clóráití agus crómáití, a rinneadh a chumasc le miotal púdraithe nó le comhpháirteanna breosla ardfhuinnimh eile;

8. Púdar alúmanaim sféarúil nó sféaróideach (CAS 7429-90-5) arb é 60 µm nó níos lú méid na gcáithníní ann, a monaraíodh as ábhar ina bhfuil cion alúmanaim 99 % nó níos mó;

9. Fohiodráit tíotáiniam ($TiH_n$) ag a bhfuil stocaiméadracht atá coibhéiseach le n = 0.65-1.68;

10. Breoslaí leachtacha ard-dlúis fuinnimh nach sonraítear in ML8.c.1., mar a leanas:

    a. Breoslaí measctha, ina n-ionchorpraítear breoslaí soladacha agus breoslaí leachtacha (e.g. sciodar bóróin), araon, ina a bhfuil dlús fuinnimh mais-bhunaithe 40 MJ/kg nó níos mó;

    b. Breoslaí agus breiseáin breosla eile ard-dlúis fuinnimh (e.g. cúbán, tuaslagáin ianacha, JP-7, JP-10), ina bhfuil dlús fuinnimh toirt-bhunaithe 37.5 GJ nó níos mó in aghaidh an mhéadair chiúbaigh, arna thomhas ag 293 K (20$^0$C) agus ag brú aon atmaisféir amháin (101.325 kPa);

    Nóta *Níl feidhm ag ML8.c.10.b. maidir le breoslaí iontaise scagtha ná bithbhreoslaí, ná maidir le breoslaí i gcomhair innill a bhfuil deimhniú um úsáid san eitlíocht shibhialta acu.*

11. 'Ábhair phiriteicniúla' agus ábhair phireafóracha, mar a leanas:

    a. 'Ábhair phiriteicniúla' nó ábhair phireafóracha a foirmlíodh go sonrach chun táirgeadh an fhuinnimh radaithe in aon chuid den speictream infridhearg (IR) a fheabhsú nó a rialú;

    b. Meascáin de mhaignéisiam, de pholaiteitreafluaireitiléin (PTFE) agus de chomhpholaiméir vinilídéine défhluairíd-heicseapróipiléine (e.g. MTV);

12. Meascáin bhreosla, meascáin de 'ábhair phiriteicniúla' nó 'ábhair fuinneamhachais', nach sonraítear in aon áit eile in ML8, agus ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:

    a. Tá cion is mó ná 0.5 % iontu de cháithníní d'aon cheann díobh seo a leanas:

        1. Alúmanam;

        2. Beirilliam;

        3. Bórón;

        4. Siorcóiniam;

        5. Maignéisiam; nó

        6. Tíotáiniam;

    b. Tá cáithníní a shonraítear in ML8.c.12.a. iontu agus is lú ná 200 nm méid na gcáithníní sin i ngach treo; agus

    c. Tá cáithníní a shonraítear in ML8.c.12.a. iontu ina bhfuil cion miotail 60 % nó níos mó;

    *Nóta Le ML8.c.12, áirítear teirmítí.*

d. Ocsaídeoirí, mar a leanas, agus 'meascáin' díobh:

1. ADN (déníotraimíd amóiniam nó SR 12) (CAS 140456-78-6);

2. AP (sárchlóráit amóiniam) (CAS 7790-98-9);

3. Comhdhúile arb é atá iontu fluairín agus aon cheann díobh seo a leanas:

    a. Halaiginí eile;

    b. Ocsaigin; nó

    c. Nítrigin;

    *Nóta 1 Níl feidhm ag ML8.d.3. maidir le trífhluairíd chlóirín (CAS 7790-91-2).*

    *Nóta 2 Níl feidhm ag ML8.d.3. maidir le trífhluairíd nítrigine (CAS 7783-54-2) ina staid ghásach.*

4. DNAD (1,3-dénítrea-1,3-dé-aiseataidín) (CAS 78246-06-7);

5. HAN (níotráit hiodrocsalamóiniam) (CAS 13465-08-2);

6. HAP (sárchlóráit hiodrocsalamóiniam) (CAS 15588-62-2);

7. HNF (nítreaformáit hiodraisiniam) (CAS 20773-28-8);

8. Níotráit hiodraisín (CAS 37836-27-4);

9. Sárchlóráit hiodraisín (CAS 27978-54-7);

10. Ocsaídeoirí leachtacha atá comhdhéanta de mhúch-aigéad nítreach dearg coiscthe (IRFNA) (CAS 8007-58-7) nó a bhfuil múch-aigéad nítreach dearg coiscthe iontu;

    *Nóta Níl feidhm ag ML8.d.10 maidir le múch-aigéad nítreach neamhchoiscthe.*

e. Ceanglóirí, plaisteacháin, monaiméirí agus polaiméirí, mar a leanas:

1. AMMO (aisídimeitilmeitiolocsa-eatán agus a pholaiméirí) (CAS 90683-29-7)

    (féach freisin ML8.g.1. maidir lena 'réamhtheachtaithe');

2. BAMO (3,3-bios(aisídimeitil)ocsa-eatán agus a pholaiméirí)

    (CAS 17607-20-4) (maidir lena 'réamhtheachtaithe', féach freisin ML8.g.1);

3. BDNPA (bios(2,2-dénítreapróipil)aicéatal) (CAS 5108-69-0);

4. BDNPF (bios(2,2-dénítreapróipil)formalach) (CAS 5917-61-3);

5. BTTN (bútáinthríoiltríníotráit) (CAS 6659-60-5)

   (féach freisin ML8.g.8. maidir lena 'réamhtheachtaithe');

6. Monaiméirí, plaisteacháin nó polaiméirí fuinneamhachais, a sainfhoirmlíodh le haghaidh úsáid mhíleata agus ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

   a. Grúpaí nítreacha;

   b. Grúpaí aisídeacha;

   c. Grúpaí níotráiteacha;

   d. Grúpaí níotrasacha; nó

   e. Grúpaí défhluaraimíneacha;

7. FAMAO (ocsa-eatán 3-défhluaraimínimeitil-3-aisídimeitile) agus a chuid polaiméirí;

8. FEFO (bis-(2-fluara-2,2-dénítreitil)formalach) (CAS 17003-79-1);

9. FPF-1 (formalach pola-2,2,3,3,4,4-heacsafluaraipeantán-1,5-dé-óil) (CAS 376-90-9);

10. FPF-3 (formalach pola-2,4,4,5,5,6,6-heaptafluara-2-trí-fluaraimeitil-3-ocsaiheaptán-1,7-dé-óil);

11. GAP (polaiméir glicidiolaiséide) (CAS 143178-24-9) agus a chuid díorthach;

12. HTPB (polabútaidhé-éin a rinneadh a fhoirceannadh le hiodrocsail) a bhfuil a fheidhmiúlacht hiodrocsaile cothrom le 2.2 nó cothrom le 2.4 nó idir 2.2 agus 2.4, ar lú ná 0.77 milleachoibhéis/g a luach hiodrocsaile, agus ag a bhfuil slaodacht is lú ná 47 bpoise ag 30 °C (CAS 69102-90-5);

13. Pola(eipeaclóraihidrin) a rinneadh a fheidhmiúlú le halcól, ag a bhfuil meáchan móilíneach is lú ná 10 000, mar a leanas:

   a. Pola(eipeaclóraihidrindé-ól);

   b. Pola(eipeaclóraihidrintrí-ól).

14. NENAnna (cumaisc níotráiteitilníotraimín) (CAS 17096-47-8, 85068-73-1, 82486-83-7, 82486-82-6 agus 85954-06-9);

15. PGN (pola-GLYN, polaiglicidilníotráit nó pola(ocsaíorán níotráitimeitile)) (CAS 27814-48-8);

16. Pola-NIMMO (pola(níotráitimeitilmeitiolocsa-eatán), pola-NMMO nó pola (3-Níotráitimeitil-3-meitiolocsa-eatán)) (CAS 84051-81-0);

17. Polainíotrortacarbónáití;

18. TVOPA (própán 1,2,3-tris[1,2-bis(défhluaraimínea)eatocsa] nó aducht tris-vionocsa-própáin) (CAS 53159-39-0);

19. 4.5 dé-aisídimeitil-2-meitil-1,2,3-trí-asól (isea- DAMTR);

20. PNO (Pola(ocsa-eatán 3-níotráiteach));

21. TMETN (Tríníotráit thrímheitioloileatáin) (CAS 3032-55-1);

f. 'Breiseáin' mar a leanas:

   1. Copar salaicileach bunúsach (CAS 62320-94-9);

   2. BHEGA (gliocólaimíd bhis-(2-hiodrocsa-eitil)) (CAS 17409-41-5);

   3. BNO (bútaidhé-éinnítríolocsaíd);

   4. Díorthaigh de chuid fearóicéine, mar a leanas:

      a. Bútaicéin (CAS 125856-62-4);

      b. Cataicéin (própán 2,2-bis-eitilfearóicéinile) (CAS 37206-42-1);

      c. Aigéid charbocsaileacha fearóicéine agus eistir d'aigéid charbocsaileacha fearóicéine;

      d. n-búitil-fearóicéin (CAS 31904-29-7);

e. Díorthaigh pholaiméire eile ó fhearóicéin aduchtaithe nach sonraítear in aon áit eile in ML8.f.4.;

f. Fearóicéin eitile (CAS 1273-89-8);

g. Fearóicéin phróipile;

h. Fearóicéin pheintile (CAS 1274-00-6);

i. Fearóicéin déchioglaipheintíle;

j. Fearóicéin déchioglaiheicsiol;

k. Fearóicéin dé-eitile (CAS 1273-97-8);

l. Fearóicéin déphróipile;

m. Fearóicéin débhúitile (CAS 1274-08-4);

n. Fearóicéin déheicsile (CAS 93894-59-8);

o. Fearóicéin aicéitile (CAS 1271-55-2)/Fearóicéin 1.1"-dé-aicéitile

(CAS 1273-94-5);

5. Béite-reasaircioláit luaidhe (CAS 20936-32-7) nó béite-reasaircioláit chopair

(CAS 70983-44-7);

6. Ciotráit luaidhe (CAS 14450-60-3);

7. Crágaigh luaidh-copair béite-reasaircioláite nó salaicioléití (CAS 68411-07-4);

8. Mailéáit luaidhe (CAS 19136-34-6);

9. Salaicioláit luaidhe (CAS 15748-73-9);

10. Stánáit luaidhe (CAS 12036-31-6);

11. MAPO (ocsaíd tris-1-(2-meitil)asairidiniolfoisfíne)

(CAS 57-39-6); BOBBA 8 (ocsaíd bhis(2-meitilasairidinil)2-(2-hiodrocsaprópánocsa)próipiolaimín-eafoisfíne); agus díorthaigh MAPO eile;

12. BAPO meitile (ocsaíd mheitiolaimíneafoisfíne bhis(2-meitiolasairidinil)) (CAS 85068-72-0);

13. N-meitil-p-níotranailín (CAS 100-15-2);

14. Dé-isicianáit 3-níotrasa-1,5-peantáin (CAS 7406-61-9);

15. Oibreáin chúplála orgánaimhiotalacha mar a leanas:

a. [Dé-aillil]ocsa, trí[dé-ochtail]fosfáitea-tíotánáit neoipeintile (CAS 103850-22-2); Ar a dtugtar freisin tíotainiam IV, 2,2[bis 2-próipéinealáitea-meitil, bútánaláitea, tris (dé-ochtail) fosfáitea] (CAS 110438-25-0); nó LICA 12

(CAS 103850-22-2);

b. Tíotáiniam IV, pireafosfáit [(2-próipéineoláitea-1) meitil, n-própánóláitimeitil] bútánaláitea-1, tris [dé-ochtail] nó KR3538;

c. Tíotainiam IV, [(2-próipéinealáitea-1)meitil, n-própánaláitimeitil] bútánaláitea-1, trios(dé-ochtail)fosfáit;

16. Polaicianaidhéfhluaraimíneitiléanocsaíd;

17. Oibreáin nascacha mar a leanas:

a. 1,1R,1S-trímheasóil-tris(2-eitiolasairidín) (HX-868, BITA)

(CAS 7722-73-8);

b. Aimídí asairidín ilfheidhmeacha ina bhfuil cnámh droma iseatalach, trímheiseach, isicianúrach nó trímheitilidipeach agus ina bhfuil freisin grúpa asairidín 2-meitile nó 2-eitile;

Nóta *Áirítear le ML.8.f.17.b. iad seo a leanas:*

a. *1,1H-Isophthaloyl-bis(2-meitiolaisiridín)(HX-752)*

*(CAS 7652-64-4);*

b. *2,4,6-tris(2-eitil-1-asairidínil)-1,3,5-trí-aisín (HX-874) (CAS 18924-91-9);*

c. *1.1'-trímheitilidiopóil-bis(2-eitilasairidín)(HX-877)*

*(CAS 71463-62-2).*

18. Próipiléinimín (2-meitilasairidín) (CAS 75-55-8);

19. Ocsaíd iarainn shármhín ($Fe_2O_3$) (CAS 1317-60-8) ag a bhfuil sainachar dromchla is mó ná 250 $m^2$/g agus arb é 3.0 nm nó níos lú meánmhéid na gcáithníní inti;

20. TEPAN (teitreitiléinipeantaimíonaicrilinítril) (CAS 68412-45-3); polaimíní ciaineitilithe agus a gcuid salann;

21. TEPANOL (teitreitiléinipeantaimíonaicrilinítrilgliciodól) (CAS 68412-46-4); polaimíní ciaineitilithe a rinneadh a aduchtú le gliciodól agus a gcuid salann;

22. TPB (biosmat trífheinile) (CAS 603-33-8);

23. TEPB (Tris(eatocsaifeinil)biosmat) (CAS 90591-48-3);

g. "Réamhtheachtaithe" mar a leanas:

N.B. *In ML8.g., is éard atá sna tagairtí ná tagairtí do "Ábhair Fuinneamhachais" shonraithe a monaraíodh as na substaintí seo.*

1. BCMO (3,3-bios(clóraimeitil)ocsólán) (CAS 78-71-7)

(féach freisin ML8.e.1. agus e.2.);

2. Salann déníotraiseitidín-t-búitile (CAS 125735-38-8) (féach freisin ML8.a.28.);

3. Díorthaigh heacsasawurtzíotáin ar a n-áirítear HBIW (heicsibeinsilheacsasawurtzíotán) (CAS 124782-15-6) (féach freisin ML8.a.4.) agus TAIW (teatraicéitildébheinsilheacsasawurtzíotán) (CAS 182763-60-6) (féach freisin ML8.a.4.);

4. Níor úsáideadh ó 2013 i leith

5. TAT (1,3,5,7-teatraicéitil-1,3,5,7-teatrasa-cioglochtán) (CAS 41378-98-7) (féach freisin ML8.a.13.);

6. 1,4,5,8-teatrasadeacailin (CAS 5409-42-7) (féach freisin ML8.a.27.);

7. 1,3,5-tríchlóraibeinséin (CAS 108-70-3) (féach freisin ML8.a.23.);

8. 1,2,4-tríhiodrocsabútán (1,2,4-bútáintrí-ól) (CAS 3068-00-6)

(féach freisin ML8.e.5.);

9. DADN (1,5-dé-aicéitil-3,7-dénítrea-1, 3, 5, 7-teatrasa-cioglochtán)

(féach freisin ML8.a.13).

h. Púdair agus deilbheanna "ábhar frithghníomhach", mar a leanas:

1. Púdair d'aon cheann de na hábhair seo a leanas, ar lú ná 250 μm méid na gcáithníní ann, i ngach treo, agus nach sonraítear in aon áit eile in ML8:

a. Alúmanam;

b. Niaibiam;

c. Bórón;

d. Siorcóiniam;

e. Maignéisiam;

f. Tíotáiniam;

g. Tantalam;

h. Tungstan;

i. Molaibdéineam; nó

j. Haifniam;

2. Deilbheanna, nach sonraítear in ML3, ML4, ML12 ná ML16, a rinneadh as púdair a shonraítear in ML8.h.1.

*Nótaí Teicniúla*

*1. Déantar "ábhair fhrithghníomhacha" a dhearadh chun go ndéanfaidh siad frithghníomhú eisiteirmeach ag rátaí fiartha arda, agus ag rátaí fiartha arda amháin, agus chun iad a úsáid mar líneálacha nó cásálacha i soic phléascáin.*

*2. Táirgtear púdair "ábhair fhrithghníomhaigh" trí phróiseas bálmheilteoireachtaard-dlúis, cuir i gcás.*

*3. Táirgtear deilbheanna "ábhar fhrithghníomhach" trí phróiseas sintéaraithe le léasar, cuir i gcás.*

*Nóta 1 Níl feidhm ag ML8 maidir leis na substaintí seo a leanas mura rud é go ndearnadh iad a chomhshuí nó a mheascadh leis an "ábhar fuinneamhachais" a shonraítear in ML8.a. nó le miotail phúdraithe a shonraítear in ML8.c.:*

*a. Piocráit amóiniam (CAS 131-74-8);*

*b. Púdar dubh;*

*c. Heicsinítridéfheiniolaimín (CAS 131-73-7);*

*d. Défhluaraimín (CAS 10405-27-3);*

*e. Stáirse nítreach (CAS 9056-38-6);*

*f. Níotráit photaisiam (CAS 7757-79-1);*

*g. Teitriníotranaftailéin;*

*h. Tríníotranasól;*

*i. Tríníotranaftailéin;*

*j. Tríníotrocsailéin;*

*k. N-piorólaidhéanón; 1-meitil-2-piorólaidhéanón (CAS 872-50-4);*

*l. l. Dé-ochtalmaléáit (CAS 142-16-5);*

*m. Eitilheicsiolaicrioláit (CAS 103-11-7);*

*n. Trí-eitiolalúmanam (TEA) (CAS 97-93-8), trímheitilalúmanam (TMA) (CAS 75-24-1), agus ailcilí agus airilí miotalacha pireafóracha ó litiam, sóidiam, maignéisiam, sinc nó bórón;*

*o. Nítriceallalós (CAS 9004-70-0);*

*p. Nítriglicrín (nó gliocróiltríníotráit, trínítriglicrín) (NG)*

*(CAS 55-63-0);*

*q. 2,4,6-tríníotratolúéin (TNT) (CAS 118-96-7);*

*r. Eitiléindé-aimíndéníotráit (EDDN) (CAS 20829-66-7);*

*s. Teitriníotráit pheinteiritríotóil (PETN) (CAS 78-11-5);*

*t. Aisíd luaidhe (CAS 13424-46-9), gnáthstiofnáit luaidhe (CAS 15245-44-0) agus stiofnáit luaidhe bhunúsach (CAS 12403-82-6), agus pléascáin phríomhúla nó cumaisc phríméala ina bhfuil aisídí nó coimpléisc aisíde;*

*u. Trí-eitiléingliocóldéníotráit (TEGDN)(CAS 111-22-8);*

*v. 2,4,6-trínítrireasaircíneol (aigéad stifneach) (CAS 82-71-3);*

*w. Dé-eitildéfheiniolúiré (CAS 85-98-3); démheitildéfheiniolúiré (CAS 611-92-7); meitildéfheiniolúiré [Seantralaítí];*

*x. N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach) (CAS 603-54-3);*

*y. Meitil-N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach mheitile) (CAS 13114-72-2);*

z. *Eitil-N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach eitile) (CAS 64544-71-4);*

aa. *2-Nítridhéfheiniolaimín (2-NDPA) (CAS 119-75-5);*

bb. *4-Nítridhéfheiniolaimín (4-NDPA) (CAS 836-30-6);*

cc. *2,2-déníotraprópánól (CAS 918-52-5);*

dd. *Níotraguainidín (CAS 556-88-7) (féach 1.C.11.d. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh).*

*Nóta 2* *Níl feidhm ag ML8 maidir le sárchlóráit amóiniam, NTO (ML8.a.18.) ná catóicéin (ML8.f.4.b.) ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:*

a. *Rinneadh í a shaindeilbhiú agus a shainfhoirmliú le haghaidh gairis ginte gáis i gcomhair úsáid shibhialta;*

b. *Rinneadh í a chomhshuí nó a mheascadh, le ceanglóirí teirmithéachta neamhghníomhacha nó le plaisteacháin, agus is lú ná 250 g a mais;*

c. *Tá uasmhéid 80 % inti de shárchlóráit amóiniam (ML8.d.2.) de réir mhais an ábhair ghníomhaigh;*

d. *Tá 4 g nó níos lú de NTO inti (ML8.a.18.); agus*

e. *Tá 1 g nó níos lú de chatóicéin inti (ML8.f.4.b.).*

**ML9 Soithí cogaidh (soithí barr uisce nó soithí faoi uisce), trealamh speisialta cabhlaigh, gabhálais, comhpháirteanna agus soithí eile barr uisce, mar a leanas:**

*N.B.* *Maidir le trealamh treorach agus loingseoireachta, féach ML11.*

a. Soithí agus comhpháirteanna, mar a leanas:

1. Soithí (barr uisce nó faoi uisce) a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, is cuma cén bhail atá orthu faoi láthair ó thaobh deise nó ó thaobh a n-oibrithe, agus is cuma cé acu atá córais seachadta armán nó armúr iontu nó nach bhfuil, agus cabhlacha nó codanna de chabhlacha le haghaidh soithí den sórt sin, agus comhpháirteanna lena n-aghaidh a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

*Nóta* *Áirítear le ML9.a.1. feithiclí a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh chun tumadóirí a sheachadadh.*

2. Soithí barr uisce, nach sonraítear in ML9.a.1., a bhfuil na nithe seo a leanas iontu nó orthu, fosaithe nó comhtháite sa soitheach:

a. Armáin uathoibríocha a shonraítear in ML1, nó armáin a shonraítear in ML2, ML4, ML12 nó ML19, nó "suíghléasanna" nó cruaphointí le haghaidh armáin ag a bhfuil cailibre 12,7 mm nó níos mó;

*Nóta Teicniúil*

*Tagraíonn "suíghléasanna" do shuíghléasanna armáin nó d'athneartú struchtúrach chun armáin a fheistiú.*

b. Córais rialaithe lámhaigh a shonraítear in ML5.;

c. Ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. "Cosaint Cheimiceach, Bhitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach (CBRN)"; agus

2. "Córas níocháin nó spraefhliuchta" a dearadh chun críoch dí-éilliúcháin; nó

*Nótaí Teicniúla*

1. *Is éard is "cosaint CBRN" ann spás inmheánach neamhspleách ina bhfuil gnéithe amhail ró-bhrúchóiriú, leithlisiú na gcóras aerála, oscailtí aerála teoranta ar a bhfuil scagairí CBRN agus pointí rochtana pearsanra teoranta ina bhfuil aerbhaic.*

2. *Is éard is "córas níocháin nó spraefhliuchta" ann córas spraeála sáile lenar féidir forstruchtúr seachtrach agus deiceanna soithigh a fhliuchadh d'aon iarracht amháin.*

d. Córais ghníomhacha fhrithbheartacha ina n-úsáidtear armáin, a shonraítear in ML4.b., ML5.c nó ML11.a. agus ag a bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas:

1. "Cosaint CBRN";

2. Rinneadh a gcabhlacha agus a bhforstruchtúir a shaindearadh chun an trasghearradh radair a laghdú;

3. Gairis lena laghdaítear an síniú teirmeach, (e.g. córas fuaraithe sceithgháis), cé is moite díobh siúd a saindearadh chun éifeachtúlacht fhoriomlán an ghléasra cumhachta a mhéadú nó chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú; nó

4. Córas díghabhsála a dearadh chun síniú maighnéadach an tsoithigh ar fad a laghdú;

b. Innill agus córais tiomána, mar a leanas, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata agus comhpháirteanna lena n-aghaidh a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata:

1. Innill díosail a saindearadh le haghaidh fomhuireán;

2. Mótair leictreacha a saindearadh le haghaidh fomhuireán agus ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:

a. Tá aschur cumhachta is mó ná 0.75 MW (1 000 hp) acu;

b. Tá córas mearchúlúcháin iontu;

c. Fuarú leachtach; agus

d. Tá siad iata go hiomlán;

3. Innill díosail ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:

a. Tá aschur cumhachta 37.3 kW (50 hp) nó níos mó acu; agus

b. Tá an cion "neamh-mhaighnéadach" níos mó ná 75 % den mhais iomlán;

*Nóta Teicniúil*

*Chun críocha ML9.b.3., ciallaíonn "neamh-mhaighnéadach" an tréscaoilteacht choibhneasta a beith níos lú ná 2.*

4. Córais "Tiomána atá Neamhspleách ar Aer" (AIP) a saindearadh le haghaidh fomhuireán;

*Nóta Teicniúil*

*Le "Tiomáint atá Neamhspleách ar Aer" (AIP) is féidir d'fhomhuireán, agus é faoi dhromchla an uisce, a chóras tiomána a oibriú, gan teacht aige ar ocsaigin an atmaisféir, ar feadh aga is faide ná an t-aga a bheadh aige dá mbeadh sé ag brath ar chumhacht ón gceallra in éagmais an chórais AIP. Chun críocha ML9.b.4., ní áirítear le AIP cumhacht núicléach.*

c. Gairis bhraite faoi uisce, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata, rialtáin lena n-aghaidh agus comhpháirteanna lena n-aghaidh a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

d. Eangacha frith-fhomhuireáin agus eangacha fritoirpéid a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

e. Níor úsáideadh ó 2003 i leith;

f. Treáiteoirí cabhlach agus nascóirí cabhlach, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata, a fhágann gur féidir idirghníomhaíocht a dhéanamh idir an soitheach agus trealamh lasmuigh den soitheach, agus comhpháirteanna lena n-aghaidh a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

Nóta *Áirítear le ML9.f. nascóirí le haghaidh soithí ar de chineál aonseoltóra, ilseoltóra, comh-aiseach nó tonntreoraithe iad, agus treáiteoirí cabhlach le haghaidh soithí, ar treáiteoirí agus nascóirí iad atá in ann a neamh-thréscaoilteacht a choinneáil in aghaidh sileadh ón taobh amuigh agus atá in ann a saintréithe riachtanacha a choinneáil ag doimhneacht mara is mó ná 100 m; agus nascóirí snáthoptaice agus treáiteoirí cabhlach optúla, a saindearadh chun léasacha "léasair" a tharchur, gan beann ar dhoimhneacht. Níl feidhm ag ML9.f. maidir le treáiteoirí cabhlach ar de chineál an ghnáthsheafta tiomána iad nó de chineál an riailmhaide hidridinimiciúil.*

g. Imthacaí ciúine ag a bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas, comhpháirteanna lena n-aghaidh agus trealamh ina bhfuil na himthacaí sin, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata:

1. Is crochadh gáis nó maighnéadach atá acu;

2. Tá rialtáin iontu le haghaidh síniú gníomhach; nó

3. Tá rialtáin iontu le haghaidh sochtadh tonnchreatha;

h. Trealamh núicléach chun cumhacht a ghiniúint nó chun tiomána, a saindearadh le haghaidh soithí a shonraítear in ML9.a. agus comhpháirteanna le haghaidh an trealaimh sin a saindearadh nó a “modhnaíodh” go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata.

*Nóta Teicniúil*

*Chun críoch ML9.h., ciallaíonn “modhnú” aon athrú struchtúrach, leictreach, meicniúil nó eile a thugann cumais mhíleata d’ítim neamh-mhíleata, ar cumais iad atá coibhéiseach leis na cumais mhíleata chéanna atá ag ítim a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata.*

*Nóta* *Áirítear le ML9.h. “imoibreoirí núicléacha”.*

**ML10 “Aerárthaí”, “feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer”, “Aerfheithiclí gan Fhoireann” (“UAVanna”), innill aerfheithicle agus trealamh “aerárthaí”, trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna, mar a leanas, a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata:**

*N.B.* *Maidir le trealamh treorach agus loingseoireachta, féach ML11.*

a. “Aerárthaí” agus “feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer” faoi fhoireann, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh;

b. Níor úsáideadh ó 2011 i leith

c. “Aerárthaí” agus “feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer” gan fhoireann, agus trealamh gaolmhar, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:

1. “UAVanna”, Aerfheithiclí Cianrialaithe (RPVanna), feithiclí in-ríomhchláraithe uathrialaitheacha agus “feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer” gan fhoireann;

2. Lainseálaithe, trealamh aisghabhála agus trealamh tacaíochta ar an talamh;

3. Trealamh a saindearadh le haghaidh ceannasaíochta nó rialaithe;

d. Innill aerfheithicle ina bhfuil tiomáint agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh;

e. Trealamh aerbheirthe athbhreoslúcháin, a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh aon cheann díobh seo a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin:

1. “Aerárthaí” a shonraítear in ML10.a.; nó

2. “Aerárthaí” gan fhoireann a shonraítear in ML10.c.;

f. Trealamh talún a saindearadh le haghaidh “aerárthaí” a shonraítear in ML10.a. nó le haghaidh innill aerfheithicle a shonraítear in ML10.d.;

*Nóta 1* *Áirítear in ML10.f. trealamh athbhreoslúcháin brú-oibrithe agus trealamh a dearadh chun oibríochtaí a éascú i suíomhanna cúnga, lena n-áirítear trealamh ar bord loinge.*

*Nóta 2* *Níl feidhm ag ML10.f. maidir leo seo a leanas:*

*1. Barraí tarraingthe;*

*2. Mataí agus clúdaigh chosantacha;*

*3. Dréimirí, céimeanna agus ardáin;*

*4. Seaic, lascáin agus trealamh ceangailte.*

g. Trealamh tacaíochta beatha aerchriú, trealamh sábháilteachta aerchriú agus gairis eile le haghaidh éalú éigeandála, nach sonraítear in ML10.a., a dearadh le haghaidh “aerárthaí” a shonraítear in ML10.a.;

*Nóta* *Ní rialaítear le ML10.g. clogaid aerchriú nach n-ionchorpraítear iontu trealamh a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, ná clogaid aerchriú nach bhfuil suíghléasanna ná feistis iontu le haghaidh an trealaimh sin.*

*N.B.* *Maidir le clogaid, féachtar freisin ML13.c.*

h. Paraisiúit, parafhaoileoirí agus trealamh gaolmhar, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:

1. Paraisiúit nach sonraítear in aon áit eile i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh;

2. Parafhaoileoirí;

3. Trealamh a saindearadh le haghaidh paraisiúit mhórairde (e.g. cultacha, clogaid speisialta, córais análaithe, trealamh loingseoireachta);

i. Trealamh oscailte rialaithe nó córais uathphíolótaithe, a dearadh le haghaidh lóid pharaisiútáilte.

*Nóta 1* *Níl feidhm ag ML10.a. maidir le "haerárthaí" ná le "feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer" ná le hathraitheacha de na "haerárthaí" sin, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata agus ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:*

*a. Ní "aerárthach" comhraic í;*

*b. Níl sí cumraithe le haghaidh úsáid mhíleata agus níl aon trealamh ná ceangaltáin feistithe inti na uirthi a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata; agus*

*c. Tá deimhniú um úsáid shibhialta aici a d'eisigh údaráis eitlíochta sibhialta i gceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh nó de Stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar.*

*Nóta 2* *Níl feidhm ag ML10.d. maidir leo seo a leanas:*

*a. Innill aerfheithicle a dearadh nó a modhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata agus a bhfuil deimhniú um úsáid in "aerárthaí sibhialta" acu ó údaráis eitlíochta sibhialta i gceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh nó de Stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar, nó comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh sin;*

*b. Innill chómhalartúcháin nó comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a saindearadh le haghaidh "UAVanna".*

*Nóta 3* *Chun críocha ML10.a. agus ML10.d., maidir le comhpháirteanna a saindearadh agus trealamh gaolmhar le haghaidh "aerárthaí" neamh-mhíleata nó maidir le hinnill aerfheithicle a modhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, níl feidhm ag na comhpháirteanna sin, ag an trealamh gaolmhar, ná ag na hinnill aerfheithicle sin, ach amháin maidir leis na comhpháirteanna míleata agus leis an trealamh míleata is gá le haghaidh an mhodhnaithe i gcomhair úsáid mhíleata.*

*Nóta 4* *Chun críocha ML10.a., áirítear le húsáid mhíleata: comhrac, taiscéalaíocht mhíleata, ionsaí, oiliúint mhíleata, tacaíocht lóistíochta, agus iompar agus aerscaoileadh trúpaí nó trealaimh mhíleata.*

*Nóta 5* *Níl feidhm ag ML10.a. maidir le "haerárthaí" nó "feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer" a chomhlíonann gach ceann díobh seo a leanas:*

*a. Monaraíodh den chéad uair iad roimh 1946;*

*b. Ní ionchorpraítear iontu ítimí a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, ach amháin má tá na hítimí sin riachtanach chun caighdeáin sábháilteachta nó aeracmhainneachta na n-údarás eitlíochta sibhialta i gceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an AE nó de Stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar a chomhlíonadh; agus*

*c. Ní ionchorpraítear iontu armáin a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais, ach amháin más armáin iad atá do-oibrithe agus nach féidir a thabhairt ar ais chun oibríochta.*

*Nóta 6* *Níl feidhm ag ML10.d. maidir le hinnill aerfheithicle ina bhfuil tiomáint, ar innill iad a monaraíodh roimh 1946.*

**ML11 Trealamh leictreonach, "spásárthaí" agus comhpháirteanna, nach sonraítear in aon áit eile ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais, mar a leanas:**

a. Trealamh leictreonach a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata agus comhpháirteanna a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin;

*Nóta* *Áirítear le ML11.a.:*

a. *Trealamh frithbheartach leictreonach agus trealamh frith-fhrithbheartach leictreonach (i.e. trealamh a dearadh chun comharthaí coimhthíocha nó earráideacha a chur isteach i nglacadóirí radair nó i nglacadóirí cumarsáide raidió nó chun bac a chur, ar bhealach eile, ar ghlacadh, ar oibriú nó ar éifeachtacht ghlacadóirí an chéile comhraic, lena n-áirítear a chuid trealaimh fhrithbheartaigh), lena n-áirítear trealamh trasnaíochta agus fritrasnaíochta;*

b. *Feadáin lúfaireachta minicíochta;*

c. *Córais nó trealamh leictreonach, a dearadh chun faireachas agus faireachán a dhéanamh ar an speictream leictreamaighnéadach chun críoch faisnéise míleata nó slándála, é sin nó a dearadh chun gníomhú in aghaidh an fhaireachais agus an fhaireacháin sin;*

d. *Frithbhearta faoi uisce, lena n-áirítear trasnaíocht agus díthreorú fuaimiúil agus maighnéadach, trealamh a dearadh chun comharthaí coimhthíocha nó earráideacha a chur isteach i nglacadóirí sonóra;*

e. *Trealamh slándála próiseála sonraí, trealamh slándála sonraí agus trealamh slándála tarchuir agus líne comharthaíochta, ina n-úsáidtear feidhmiúlacht chripteagrafach;*

f. *Trealamh sainaithinte, fíordheimhniúcháin agus eochairlódála agus trealamh bainistithe eochrach, monaraithe eochrach agus dáilte eochrach;*

g. *Trealamh treoraíochta agus loingseoireachta;*

h. *Trealamh tarchurtha teachtaireachtaí raidió trí scaipeadh trópaisféarach digiteach;*

i. *Dímhodhnóirí digiteacha a saindearadh le haghaidh faisnéisíocht chomharthaíochta;*

j. *"Córais Uathoibrithe Cheannais agus Rialaithe".*

*N.B. Maidir le "bogearraí" a bhaineann le Raidió "Bogearraí"-shainithe míleata, féach ML21.*

b. Trealamh trasnaíochta atá deartha nó modhnaithe chun bac a chur ar fháil, oibriú nó éifeachtacht seirbhísí suite, loingseoireachta nó uainiúcháin arna soláthar ag "córais loingseoireachta satailíte", agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh;

c. "Spásárthaí" a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna "spásárthaí" a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata.

**ML12 Córais armán fuinnimh chinéitigh ardluais, agus trealamh gaolmhar, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:**

a. Córais armán fuinnimh chinéitigh a saindearadh chun targaidí a scriosadh nó chun tobscor misin a thabhairt i gcrích;

b. Saoráidí tástála agus meastóireachta agus samhlacha tástála a saindearadh, lena n-áirítear ionstraimíocht dhiagnóiseach agus na targaidí diagnóiseacha, chun tástáil dhinimiciúil a dhéanamh ar dhiúracáin fuinnimh chinéitigh agus ar chórais fuinnimh chinéitigh.

*N.B. Maidir le córais armán a úsáideann armlón fo-chailibre nó nach n-úsáidtear iontu ach tiomáint cheimiceach, agus armlón lena n-aghaidh, féachtar ML1 go ML4.*

*Nóta 1 Airítear le ML12 na nithe seo a leanas i gcás inar saindearadh iad le haghaidh córais armán fuinnimh chinéitigh:*

*a. Córais tiomána lainseála atá in ann maiseanna is mó ná 0.1 g a luasghéarú go dtí luas is mó ná 1.6 km/s, i mód lámhaigh aonurchair nó i mód mearlámhaigh;*

*b. Trealamh ginte cumhachta príomhúla, trealamh armúir leictrigh, trealamh stórais fuinnimh (e.g. toilleoirí stórais ardfhuinnimh), trealamh bainistíochta teirmí, trealamh comhoiriúnacháin, trealamh lascacháin nó trealamh láimhseála breosla; agus comhéadain leictreacha idir an soláthar cumhachta, an gunna agus na feidhmeanna eile i sásra tiomána leictreach an túirín;*

*N.B. Maidir le toilleoirí stórais ardfhuinnimh, féachtar freisin 3.A.1.e.2. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

*c. Córais le haghaidh aimsiú targaide, rianú targaide, rialú lámhaigh nó measúnú damáiste;*

*d. Córais tóraíochta uathoibríche, córais treoraíochta nó córais tiomána dírí (trí luasghéarú taobhach), a úsáidtear le haghaidh diúracán.*

*Nóta 2 Tá feidhm ag ML12 maidir le córais armán ina n-úsáidtear aon cheann de na modhanna tiomána seo a leanas:*

*a. Leictreamaighnéadach;*

*b. Leictriteirmeach;*

*c. Plasma;*

*d. Gás éadrom; nó*

*e. Trí mhodh tiomána ceimiceach (i gcás ina n-úsáidtear é i gcumasc le haon cheann de na modhanna thuas).*

**ML13 Trealamh, foirgneáin agus comhpháirteanna armúrtha nó cosanta, agus gabhálais mar a leanas:**

a. Plátáil armúrtha, bíodh sí miotalach nó neamh-mhiotalach, ag a bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas:

1. Monaraíodh í chun go mbeadh sí i gcomhlíontacht le caighdeán nó sonraíocht mhíleata; nó

2. Tá sí oiriúnach le haghaidh úsáid mhíleata;

*N.B. Maidir le plátáil armúir chabhlach, féachtar ML13.d.2.*

b. Foirgneáin d'ábhair mhiotalacha nó neamh-mhiotalacha, nó cumaisc díobh, a saindearadh chun cosaint bhalaistíoch a thabhairt do chórais mhíleata, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh;

c. Clogaid agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

1. Clogaid arna monarú de réir caighdeán nó sonraíochtaí míleata, nó de réir caighdeán náisiúnta inchomparáide;

2. Blaoscanna, líneálaigh nó pillíní compoird a saindearadh le haghaidh clogaid atá sonraithe in ML13.c.1.;

3. Eilimintí cosanta balaistíoch forlíontáin, aa saindearadh le haghaidh clogaid atá sonraithe in ML13.c.1.

*N.B. Maidir le comhpháirteanna nó gabhálais eile le haghaidh clogaid mhíleata, féach an iontráil ábhartha ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.*

d. Armúr coirp nó baill éadaigh cosanta, agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, mar a leanas:

1. Armúr coirp bog nó baill éadaigh cosanta, a monaraíodh de réir caighdeáin nó sonraíochtaí míleata, nó de réir caighdeáin nó sonraíochtaí coibhéiseacha, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh;

*Nóta Chun críocha ML13.d.1., maidir le caighdeáin nó sonraíochtaí míleata, ní mór sonraíocht i ndáil le cosaint in aghaidh bloghanna, ar a laghad, a bheith san áireamh iontu.*

2. Plátaí crua armúir coirp a thugann cosaint bhalaistíoch a bheidh chomh maith le leibhéal III (NIJ 0101.06, Iúil 2008), nó le "caighdeáin choibhéiseacha", nó níos fearr ná sin.

*Nóta 1 Áirítear le ML13.b. ábhair a saindearadh chun armúr frithphléascáin a dhéanamh nó chun foscadáin mhíleata a fhoirgniú.*

*Nóta 2 Níl feidhm ag ML13.c maidir le clogaid ag a bhfuil na tréithe seo uile a leanas:*

*a. Monaraíodh den chéad uair iad roimh 1970; agus*

*b. Níor dearadh ná níor modhnaíodh iad chun earraí atá sonraithe le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, ná níor feistíodh leis na hearraí sin iad.*

*Nóta 3 Níl feidhm ag ML13.c. maidir le clogaid, le harmúr coirp ná le baill éadaigh chosanta, a bhíonn leis an úsáideoir ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora.*

*Nóta 4 Clogaid a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata, sin é an t-aon chineál a shonraítear in ML13.c. mar chlogaid a saindearadh le haghaidh pearsanra diúscartha buamaí.*

*Nóta 5 Níl feidhm ag ML13.d.1. maidir le spéaclaí cosanta.*

*N.B. Maidir le spéaclaí cosanta léasair, féach ML17.o.*

*N.B. 1 Féach freisin iontráil 1.A.5. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

*N.B. 2* *Maidir le "hábhair shnáithíneacha nó ábhair fhiliméadacha" a úsáidtear i monarú armúir coirp agus clogad, féach iontráil 1.C.10. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

**ML14 "Trealamh speisialaithe le haghaidh oiliúint mhíleata" nó trealamh speisialaithe chun cásanna míleata a ionsamhlú, ionsamhlóirí a saindearadh le haghaidh oiliúint in úsáid aon airm tine nó aon armáin a shonraítear in ML1 nó ML2, agus comhpháirteanna agus gabhálais a saindearadh lena n-aghaidh.**

*Nóta Teicniúil*

*Áirítear leis an téarma "trealamh speisialaithe le haghaidh oiliúint mhíleata" cineálacha míleata oiliúnóirí ionsaithe, oiliúnóirí eitiltí oibríochtúla, oiliúnóirí targaide radair, gineadóirí targaide radair, gairis oiliúna gunnadóireachta, oiliúnóirí cogaíochta frith-fhomhuireáin, ionsamhlóirí eitilte (lena n-áirítear lártheifneoirí daonrátáilte le haghaidh oiliúint píolótaí/spásairí), oiliúnóirí radair, oiliúnóirí ionstraimíochta eitilte, oiliúnóirí loingseoireachta, oiliúnóirí lainseála diúracán, trealamh targaide, "aerárthaí" ladrainn, oiliúnóirí armála, oiliúnóirí "aerárthaí" gan phíolóta, aonaid oiliúna shoghluaiste agus trealamh oiliúna le haghaidh oibríochtaí míleata ar talamh.*

*Nóta 1* *Áirítear le ML14 córais ginte íomhánna agus córais timpeallachta idirghníomhaí le haghaidh ionsamhlóirí, i gcás inar le haghaidh úsáid mhíleata a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh iad.*

*Nóta 2* *Níl feidhm ag ML14 maidir le trealamh a saindearadh le haghaidh oiliúint in úsáid armán sealgaireachta nó spóirt.*

**ML15 Trealamh íomháithe nó trealamh frithbheartach, mar a leanas, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin:**

a. Taifeadáin agus trealamh próiseála íomhánna;

b. Ceamaraí, trealamh grianghrafadóireachta agus trealamh próiseála scannán;

c. Trealamh dianaithe íomhánna;

d. Trealamh íomháithe infridheirg nó trealamh íomháithe theirmigh;

e. Trealamh braite le haghaidh radar íomháithe;

f. Trealamh frithbheartach nó frith-fhrithbheartach, le haghaidh an trealaimh a shonraítear in ML15.a. go ML15.e.

*Nóta* *Áirítear le ML15.f. trealamh a saindearadh chun díghrádú a dhéanamh ar oibriú nó ar éifeachtacht córas íomháithe míleata nó chun éifeachtaí díghrádúcháin den chineál sin a íoslaghdú.*

*Nóta* *Níl feidhm ag ML15. maidir le "feadáin dianaitheora íomhá den chéad ghlúin" ná maidir le trealamh a saindearadh chun "feadáin dianaitheora íomhá den chéad ghlúin" a ionchorprú.*

*N.B.* *Maidir le treorálaithe armáin ina ionchorpraítear "feadáin dianaitheora íomhá den chéad ghlúin", féach ML1, ML2. agus ML5.a.*

*N.B.* *Féach freisin 6.A.2.a.2. agus 6.A.2.b. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

**ML16 Déantáin ghaibhnithe, déantáin mhúnlaithe agus táirgí neamhchríochnaithe eile, a saindearadh le haghaidh ítimí a shonraítear in ML1 go ML4, ML6, ML9, ML10, ML12 nó ML19.**

*Nóta* *Tá feidhm ag ML16 maidir le táirgí neamhchríochnaithe i gcás inar féidir iad a shainaithint ar chomhdhéanamh an ábhair atá iontu, ar a ngeoiméadracht nó ar a bhfeidhm.*

**ML17 Trealamh, ábhair agus "leabharlanna" ilchineáil, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh:**

a. Gairis tumadóireachta agus dúshnámha, a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata, mar a leanas:

1. Ath-análáin tumadóireachta fhéinchuimsitheacha, de chineál an chiorcaid dhúnta nó de chineál an chiorcaid leath-dhúnta;

2. Gairis snámha faoi uisce a saindearadh lena n-úsáid i dteannta na ngaireas tumadóireachta a shonraítear in ML17.a.1;

*N.B. Féach freisin iontráil 8.A.2.q. i Liosta Ítimí Dé-Úsáide an Aontais Eorpaigh.*

b. Trealamh foirgníochta, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

c. Feistis, bratuithe agus cóireálacha, le haghaidh sochtadh an tsínithe, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

d. Trealamh innealtóra machaire, a saindearadh lena úsáid i limistéar comhraic;

e. "Róbait", rialtáin "róbait" agus "éifeachtóirí deiridh" "róbait", ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Saindearadh é le haghaidh úsáid mhíleata;

2. Tá ionchorpraithe iontu deis chun línte hiodrálacha a chosaint ar pholltaí isteach ó bhloghanna balaistíocha (e.g. línte féin-séalaithe a ionchorprú iontu) agus rinneadh iad a dhearadh chun sreabháin hiodrálacha ag a bhfuil splancphointe is airde ná 839 K (566 °C) a úsáid iontu; nó

3. Saindearadh iad nó rátáladh iad lena n-oibriú i dtimpeallacht bíge leictreamaighnéadaí;

*Nóta Teicniúil*

*Maidir le "bíog leictreamaighnéadach", ní hé rud a dtagraítear dó leis sin trasnaíocht nach d'aonghnó í de dheasca radaíocht leictreamaighnéadach ó threalamh sa chóngar (e.g. innealra, fearais nó leictreonaic) nó ó thintreach.*

f. "Leabharlanna" a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh úsáid mhíleata maille le córais, trealamh nó comhpháirteanna, a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais;

g. Trealamh núicléach chun cumhacht a ghiniúint nó chun tiomána, nach sonraítear in aon áit eile, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata agus comhpháirteanna le haghaidh an trealaimh sin a saindearadh nó a "modhnaíodh" go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata;

*Nóta Áirítear le ML17.g. "imoibreoirí núicléacha".*

h. Trealamh agus ábhar, brataithe nó cóireáilte le haghaidh sochtadh an tsínithe, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata, nach sonraítear in aon áit eile i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais;

i. Ionsamhlóirí a saindearadh le haghaidh "imoibreoirí núicléacha" míleata;

j. Ceardlanna deisiúcháin soghluaiste a saindearadh nó a "modhnaíodh" go speisialta chun trealamh míleata a sheirbhísiú;

k. Gineadóirí machaire, a saindearadh nó a "modhnaíodh" go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata;

l. Coimeádáin idirmhódúla atá de réir chaighdeáin ISO nó cabhlacha soghluaiste le haghaidh feithiclí, a saindearadh nó a "modhnaíodh" go speisialta le haghaidh úsáid mhíleata;

m. Báid farantóireachta, nach sonraítear in aon áit eile i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, droichid agus pontúin, a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

n. Samhlacha tástála a saindearadh chun trealamh a shonraítear in ML4, ML6, ML9 nó in ML10 "a fhorbairt";

o. Trealamh a thugann cosaint ar "léasair" (e.g. cosaint súl nó cosaint bhraiteora) a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata;

p. "Cealla Breosla", nach sonraítear in aon áit eile i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, a saindearadh nó a "modhnaíodh" le haghaidh úsáid mhíleata.

*Nóta Teicniúil*

1. *Níor úsáideadh ó 2014 i leith*

2. *Chun críoch ML17, ciallaíonn "modhnú" aon athrú struchtúrach, leictreach, meicniúil nó eile a thugann cumais mhíleata d'ítim neamh-mhíleata, ar cumais iad atá coibhéiseach leis na cumais mhíleata chéanna atá ag ítim a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata.*

**ML18 Trealamh "táirgthe", saoráidí agus comhpháirteanna tástála comhshaoil, mar a leanas:**

a. Trealamh "táirgthe" a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh chun táirgí a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais a "tháirgeadh", agus comhpháirteanna a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin;

b. Saoráidí tástála comhshaoil a saindearadh chun táirgí a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais a dheimhniú, a cháiliú nó a thástáil, maille le trealamh a saindearadh le haghaidh na saoráidí sin, nach sonraítear in aon áit eile.

*Nóta Teicniúil*

*Chun críocha ML18, áirítear leis an téarma "táirgeadh" dearadh, scrúdú, monarú, tástáil agus seiceáil.*

*Nóta* *Áirítear le ML18.a. agus ML18.b. an trealamh seo a leanas:*

a. *Níotráiteoir de chineál a oibríonn go leanúnach;*

b. *Gaireas nó trealamh tástála lártheifeach ag a bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas:*

1. *Tiomáintear é le mótar nó mótair ag a bhfuil each-chumhacht rátáilte iomlán is mó ná 298 kW (400 ec);*

2. *Tá sé in ann lód 113 kg nó níos mó a iompar; nó*

3. *Tá sé in ann luasghéarú lártheifeach 8 g nó níos mó a chur i bhfeidhm ar lód 91 kg nó níos mó;*

c. *Cantaoirí díhiodráitiúcháin;*

d. *Scriú-easbhrúiteoirí a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh easbhrú "pléascán" míleata;*

e. *Meaisíní gearrtha chun "tiomantáin" easbhrúite a ghearradh síos go dtí an mhéid a theastaíonn;*

f. *Bairillí rothlaim (timbléirí) ag a bhfuil trastomhas 1.85 m nó níos mó agus toilleadh táirge 227 kg nó níos mó;*

g. *Meascthóirí a oibríonn go leanúnach, le haghaidh "tiomántáin" sholadacha;*

h. *Muilte fuinnimh shreabhánaigh chun comhábhair 'pléascán míleata a mheilt nó a mhuilleáil;*

i. *Trealamh chun sféarúlacht agus méid cháithnín aonfhoirmeach, an dá rud, a chur ar fáil i bpúdar miotail a liostaítear in ML8.c.8.;*

j. *Tiontairí srutha comhiompair le haghaidh tiontú ábhair a liostaítear in ML8.c.3.*

**ML19 Córais armán fuinnimh dhírithe (DEW), trealamh gaolmhar nó trealamh frithbheartach agus samhlacha tástála, mar a leanas, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh sin:**

a. Córais "léasair" a saindearadh chun targaidí a scriosadh nó chun tobscor misin a thabhairt i crích;

b. Córais léis cáithníní atá in ann targaid a scriosadh nó tobscor misin a thabhairt i crích;

c. Córais Minicíochta Raidió Ardchumhachta atá in ann targaid a scriosadh nó tobscor misin a thabhairt i crích;

d. Trealamh a saindearadh chun córais a shonraítear in ML19.a. go ML19.c. a bhrath nó a shainaithint nó chun cosaint a thabhairt ar na córais sin;

e. Samhlacha tástála fisiciúla le haghaidh na gcóras, an trealaimh agus na gcomhpháirteanna a shonraítear in ML19;

f. Córais léasair a saindearadh chun daille bhuan a chur ar an radharc neamhfheabhsaithe, i.e. ar an tsúil fhornocht nó ar an tsúil faoi fheiste ceartaithe radhairc.

*Nóta 1* *Leis na córais armán fuinnimh dhírithe (DEW) a shonraítear in ML19, áirítear córais a fhaigheann a n-acmhainn as feidhmiú rialaithe na nithe seo a leanas:*

*a.* *"Léasair" ina bhfuil go leor cumhachta chun scrios a dhéanamh ar aon dul le gnáth-armlón;*

*b. Luasairí cáithníní lena dteilgtear léas cáithníní luchtaithe nó léas cáithníní neodrach ina bhfuil cumhacht scriostach;*

*c. Tarchuradóirí léis minicíochta raidió le cumhacht bhíogach ard nó le meánchumhacht ard, lena dtáirgtear réimsí atá dian go leor chun ciorcadra leictreonach a chur ó oibriú ag cian-targaid.*

*Nóta 2* *Airítear le ML19 na nithe seo a leanas i gcás inar saindearadh iad le haghaidh córais armán fuinnimh dhírithe (DEW):*

*a. Trealamh ginte cumhachta príomhúla, trealamh stórais fuinnimh, trealamh lascacháin, trealamh comhoiriúnaithe cumhachta nó trealamh láimhseála breosla;*

*b. Córais chun targaidí a aimsiú nó a rianú;*

*c. Córais a bhfuil ar a gcumas measúnú a dhéanamh i ndáil le damáiste do thargaidí, scrios targaidí nó tobscor misin;*

*d. Trealamh chun léasacha a láimhseáil, a fhorleathadh nó a dhíriú;*

*e. Trealamh ina bhfuil cumas meariompaithe léis le haghaidh oibríochtaí ina n-aimsítear iluimhir targaidí go mear;*

*f. Optaic oiriúnaitheach agus pas-chomhchuingirí;*

*g. Insteallairí srutha le haghaidh léasacha ian hidrigine diúltach;*

*h. Comhpháirteanna luasairí "spáscháilithe";*

*i. Trealamh tonnadóireachta léis ian diúltach;*

*j. Trealamh chun léas ian ardfhuinnimh a rialú agus a iompú;*

*k. Scragaill "spáscháilithe" chun léis iseatóp hidrigine diúltach a neodrú.*

**ML20 Trealamh crióigineach agus "forsheoltach", mar a leanas, agus comhpháirteanna agus gabhálais a saindearadh le haghaidh an trealaimh sin:**

a. Trealamh a saindearadh nó a sainchumraíodh chun é a shuiteáil i bhfeithicil le haghaidh feidhmeanna míleata talún, muirí, aerbheirthe nó spáis, atá in ann oibriú agus é ag gluaiseacht agus atá in ann teochtaí faoi bhun 103 K (- 170°C) á tháirgeadh nó a choinneáil;

*Nóta* *Áirítear le Nóta ML20.a. córais mhóibíleacha ina n-ionchorpraítear nó ina n-úsáidtear gabhálais nó comhpháirteanna a monaraíodh as ábhair sheoltacha neamh-mhiotalacha nó neamhleictreacha, amhail plaistigh nó ábhair eapocsach-thuilte.*

b. Trealamh leictreach "forsheoltach" (innealra nó claochladáin rothlacha) a saindearadh nó a sainchumraíodh chun é a shuiteáil i bhfeithicil le haghaidh feidhmeanna míleata talún, muirí, aerbheirthe nó spáis agus atá in ann oibriú agus é ag gluaiseacht.

*Nóta* *Níl feidhm ag ML20.b. maidir le gineadóirí homapholacha hibrideacha srutha dhírigh ina bhfuil gnátharmatúir mhiotail aonpholacha a chasann laistigh de réimse maighnéadach a dhéantar le tochráin fhorsheoltacha, ar an gcoinníoll nach bhfuil de chomhpháirteanna forsheoltacha sa ghineadóir ach na tochráin sin.*

**ML21 "Bogearraí" mar a leanas:**

a. "Bogearraí" a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh le haghaidh aon cheann díobh seo a leanas:

1. "Forbairt", "táirgeadh", oibriú nó cothabháil trealaimh a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh;
2. "Forbairt" nó "táirgeadh" ábhar a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh; nó
3. "Forbairt", "táirgeadh", oibriú nó cothabháil "bogearraí" a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh;

b. "Bogearraí" sonracha, cé is moite díobh sin a shonraítear in ML21.a, mar a leanas:

1. "Bogearraí" a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata agus a saindearadh chun córais armán míleata a shamhaltú, a ionsamhlú nó a mheasúnú;

2. "Bogearraí" a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata agus a saindearadh chun cásanna oibríochtúla míleata a shamhaltú nó a ionsamhlú;

3. "Bogearraí" chun na héifeachtaí ó armáin thraidisiúnta, núicléacha, cheimiceacha nó bhitheolaíocha a dhéanamh amach;

4. "Bogearraí" a saindearadh le haghaidh úsáid mhíleata agus a saindearadh le haghaidh feidhmeanna Ceannasaíochta, Cumarsáide, Rialaithe agus Faisnéise ($C^3I$) nó feidhmeanna Ceannasaíochta, Cumarsáide, Rialaithe, Ríomhaireachta agus Faisnéise ($C^4I$);

5. "Bogearraí" a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh chun cibearoibríochtaí ionsaitheacha míleata a riar;

*Nóta 1* *Áirítear le ML21.b.5. "Bogearraí" a dearadh chun córais, trealamh nó "bogearraí", a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais, maille le "bogearraí" cibearthaiscéalaíochta agus cibearcheannasaíochta agus cibear-rialaithe lena n-aghaidh sin, a scriosadh, a dhíghrádú, a shuaitheadh, nó chun damáiste a dhéanamh dóibh.*

*Nóta 2* *maidir le "freagairt ar theagmhais chibearshlándála", nach dtéann thar Níl feidhm ag ML21.b.5. maidir le "nochtadh leochaileachta" ná fhreagairt nó ullmhacht i ndáil le cibearshlándáil chosantach neamh-mhíleata.*

c. "Bogearraí", nach sonraítear in ML21.a. ná ML21.b., a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh chun go mbeadh trealamh nach sonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais in ann feidhmeanna míleata an trealaimh a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais a dhéanamh.

*N.B.* *Féachtar na córais, an trealamh nó na comhpháirteanna, a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais, le haghaidh "ríomhairí digiteacha" ilfheidhmeacha ina bhfuil "bogearraí" suiteáilte a shonraítear in ML21.c.*

**ML22 "Teicneolaíocht" mar a leanas:**

a. "Teicneolaíocht", cé is moite den mhéid a shonraítear in ML22.b, atá "riachtanach" chun na hítimí a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais "a fhorbairt", "a tháirgeadh", a oibriú, a shuiteáil, a chothabháil (seiceáil), a dheisiú, a athchóiriú, nó a athfheistiú;

b. "Teicneolaíocht" mar a leanas:

1. "Teicneolaíocht" atá "riachtanach" chun suiteálacha iomlána táirgthe le haghaidh ítimí a shonraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais a dhearadh, a oibriú, a chothabháil agus a dheisiú agus atá "riachtanach" chun comhpháirteanna a chóimeáil sna suiteálacha sin, fiú mura sonraítear comhpháirteanna na suiteálacha táirgthe sin;

2. "Teicneolaíocht" atá "riachtanach" chun mionairm a "fhorbairt" agus a "tháirgeadh", fiú má úsáidtear í chun atáirgthí d'airm bheaga sheanda a tháirgeadh;

3. Níor úsáideadh ó 2013 i leith

*N.B.* *Maidir le "teicneolaíocht" a shonraítear cheana in ML22.b.3., féachtar ML22.a.*

4. Níor úsáideadh ó 2013 i leith

*N.B.* *Maidir le "teicneolaíocht" a shonraítear cheana in ML22.b.4., féachtar ML22.a.*

5. "Teicneolaíocht" atá "riachtanach" go heisiach chun na "bithchatalaígh", a shonraítear in ML7.i.1., a ionchorprú i substaintí iompróra míleata nó in ábhar míleata.

*Nóta 1* *"Teicneolaíocht" atá "riachtanach" chun míreanna a shonraítear ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh "a fhorbairt", "a tháirgeadh", a shuiteáil, a chothabháil (seiceáil), a dheisiú, a ollchóiriú nó a athchóiriú, tá sí fós faoi réir rialaithe fiú i gcás inarb infheidhme í maidir le haon mhír nach sonraítear ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.*

*Nóta 2* *Níl feidhm ag ML22 maidir leo seo a leanas:*

*a. "Teicneolaíocht" arb í an teicneolaíocht íosta í is gá i ndáil le suiteáil, oibriú, cothabháil (seiceáil) nó deisiú na n-earraí sin nach bhfuil faoi rialú nó a n-údaraítear iad a onnmhairiú;*

*b. "Teicneolaíocht" atá 'san fhearann poiblí, "taighde bunúsach eolaíoch" agus an fhaisnéis íosta is gá le haghaidh iarratais phaitinne;*

*c. "Teicneolaíocht" le haghaidh ionduchtú maighnéadach i gcomhair tiomáint leanúnach gaireas iompair shibhialta.*

### *SAINMHÍNIÚ AR NA TÉARMAÍ A ÚSÁIDTEAR SA LIOSTA SEO*

Seo a leanas sainmhínithe ar na téarmaí a úsáidtear sa Liosta seo, in ord aibítre.

*Nóta 1* *Tá feidhm ag na sainmhínithe ó thús go deireadh an Liosta. Is tagairtí comhairleacha amháin iad na tagairtí agus níl aon éifeacht acu ar chur i bhfeidhm uilíoch na dtéarmaí sainithe ó thús go deireadh an Liosta.*

*Nóta 2* *Focail agus téarmaí atá sa Liosta Sainmhínithe seo, ní bhíonn an bhrí shainmhínithe leo ach amháin i gcás ina léirítear é sin trí iad a chur idir "comharthaí dúbailte athfhriotail". I ngach cás eile, is í brí (an fhoclóra) a nglactar go coitianta léi atá le focail agus téarmaí, mura dtugtar sainmhíniú áitiúil ar rialú ar leith.*

| | | |
|---|---|---|
| ML8 | "Breiseáin" | Substaintí a úsáidtear i bhfoirmlithe pléascacha chun a n-airíonna a fheabhsú. |
| ML1, 8, 10, 14 | "Aerárthach" | Feithicil aerbheirthe ar a bhfuil sciathán dobhogtha, sciathán sclóine, sciathán rothlach (héileacaptar), rótar claonta nó sciathán claonta. |
| ML11 | "Córais Uathoibrithe Cheannasaíochta agus Rialaithe" | Córais leictreonacha, trína ndéantar faisnéis, atá riachtanach d'oibriú éifeachtach na grúpála, na mórfhoirmíochta, na foirmíochta oirbheartaíochta, an aonaid, na loinge, an fho-aonaid nó na n-arm atá faoi cheannasaíocht, a iontráil, a phróiseáil agus a tharchur. Déantar é sin trí úsáid a bhaint as ríomhairí agus crua-earra speisialaithe eile a dearadh chun tacú leis na feidhmeanna a bhíonn ag eagraíocht cheannasaíochta agus rialaithe mhíleata. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna córais uathoibrithe ceannasaíochta agus rialaithe: faisnéis a bhailiú, a charnadh, a stóráil agus a phróiseáil ar mhodh uathoibrithe éifeachtúil; an cás agus na himthosca a dhéanann difear d'ullmhú agus d'fhearadh oibríochtaí comhraic a thaispeáint; ríomh oibríochtúil agus oirbheartaíochta a dhéanamh i dtaca le hacmhainní a leithdháileadh ar ghrúpálacha fórsa nó ar eilimintí den ord catha oibríochtúil nó den imscaradh chun catha, de réir an mhisin nó de réir chéim na hoibríochta; sonraí a ullmhú i ndáil le staid a mheas agus cinnteoireacht a dhéanamh ag aon phointe le linn oibríochta nó catha; ionsamhlú ar ríomhaire ar oibríochtaí. |
| ML22 | "Taighde bunúsach eolaíoch" | Obair thurgnamhach nó obair theoiriciúil arb é is cuspóir di thar aon rud eile teacht ar eolas nua maidir leis na bunphrionsabail a bhaineann le feiniméin nó fíorais inbhraite, seachas obair atá dírithe go príomhúil ar aidhm nó ar chuspóir sonrach praiticiúil. |
| ML7, 22 | "Bithchatalaígh" | "Einsímí" i gcomhair imoibrithe sonracha ceimiceacha nó bithcheimiceacha nó comhdhúile bitheolaíocha eile a cheanglaíonn d'oibreáin cogaíochta ceimicí agus a luathaíonn díghrádú na n-oibreán sin.<br>*Nóta Teicniúil*<br>*Ciallaíonn "einsímí" "bithchatalaígh" i gcomhair imoibrithe sonracha ceimiceacha nó bithcheimiceacha.* |
| ML7 | "Oibreáin bhitheolaíocha" | Pataiginí nó tocsainí, a toghadh nó a modhnaíodh (trí aon cheann de na nithe seo a leanas a athrú: íonacht, seilfré, nimhneacht, tréithe a scaipthe, nó friotaíocht in aghaidh na radaíochta UV) chun taismigh a dhéanamh de dhaoine nó d'ainmhithe, nó chun trealamh a dhíghrádú nó damáiste a dhéanamh do bharra nó don chomhshaol. |

| | | |
|---|---|---|
| ML7 | "Bithpholaiméirí" | Macramóilíní bitheolaíocha mar iad seo a leanas:<br>a. Einsímí i gcomhair imoibrithe sonracha ceimiceacha nó bithcheimiceacha;<br>b. "Antasubstaintí" "frith-iditíopacha", "monaclónacha" nó "polaclónacha";<br>c. "Gabhdóirí" a saindearadh nó sainphróiseáladh.<br>*<u>Nótaí Teicniúla</u>*<br>1. *Ciallaíonn "antasubstaintí frith-iditíopacha" antasubstaintí a cheanglaíonn iad féin de na láithreacha sonracha nasctha antaiginí in antasubstaintí eile;*<br>2. *Ciallaíonn "antasubstaintí monaclónacha" próitéiní a cheanglaíonn iad féin de láthair antaigineach amháin agus a tháirgtear ó aon chlón amháin ceall;*<br>3. *Ciallaíonn "antasubstaintí polaclónacha" meascán de phróitéiní a cheanglaíonn é féin den antaigin shonrach agus a tháirgtear ó bhreis agus aon chlón amháin ceall;*<br>4. *Ciallaíonn 'gabhdóirí' struchtúir bhitheolaíocha mhacramóilíneacha a bhfuil ar a gcumas lioganna a cheangal dá chéile, ionas go ndéanann an ceangal difear d'fheidhmeanna fiseolaíocha.* |
| ML4, 10 | "Aerárthaí sibhialta" | Na "haerárthaí" sin a liostaíonn údaráis um eitlíocht shibhialta i gceann nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh nó de Stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar, trí na haerárthaí a ainmniú ar liostaí deimhnithe aeracmhainneachta, mar árthaí le haghaidh taisteal ar bhealaí tráchtála sibhialta inmheánacha agus seachtracha nó le haghaidh úsáidí dlisteanacha sibhialta, príobháideacha nó gnó. |
| ML21 | "Freagairt ar theagmhais chibearshlándála" | An próiseas lena ndéantar an fhaisnéis riachtanach maidir le teagmhas cibearshlándála a mhalartú leis na daoine aonair nó leis na heagraíochtaí atá freagrach as déanamh nó as comhordú an fheabhsúcháin chun aghaidh a thabhairt ar an teagmhas cibearshlándála. |
| ML17, 21, 22 | "Forbairt" | Bainteach le gach céim a thagann roimh an táirgeacht shrathach, mar shampla: dearadh, taighde ar dhearadh, anailísí ar dhearadh, coincheapa maidir le dearadh, fréamhshamhlacha a chóimeáil agus a thástáil, scéimeanna maidir le táirgeacht phíolótach, sonraí maidir le dearadh, an próiseas ina ndéantar táirge de na sonraí maidir le dearadh, dearadh na cumraíochta, dearadh an chomhtháthaithe, agus an leagan amach. |
| ML21 | "Ríomhaire digiteach" | Trealamh a bhfuil ar a chumas an méid seo uile a leanas a dhéanamh, i bhfoirm athróige scoite amháin nó níos mó:<br>a. Glacadh le sonraí;<br>b. Sonraí nó treoracha a stóráil i bhfeistí stórála atá fosaithe nó inathraithe (inscríofa);<br>c. Sonraí a phróiseáil trí sheicheamh stóráilte treoracha, ar seicheamh inmhodhnaithe é; agus<br>d. Sonraí a sholáthar.<br>*<u>Nóta Teicniúil</u>*<br>*Maidir le seicheamh treoracha atá stóráilte a mhodhnú, áirítear leis an modhnú sin feistí eile stórála atá fosaithe a chur in ionad na bhfeistí atá ann cheana, ach ní áirítear leis aon athrú fisiceach ar shreangú ná ar idirnaisc.* |

| | | |
|---|---|---|
| ML17 | "Éifeachtóirí deiridh" | Greamáin, "aonaid uirlisithe ghníomhacha" agus aon uirlisiú eile a cheanglaítear den bhonnphláta ar cheann géige láimhsitheora "róbait".<br>*Nóta Teicniúil*<br>*Is éard atá in "aonaid uirlisithe ghníomhacha" gairis lena dtugtar cumhacht tiomána, fuinneamh próiseála nó braiteacht do shaotharphíosa.* |
| ML8 | "Ábhair fuinneamhachais" | Substaintí nó meascáin a imoibríonn go ceimiceach chun fuinneamh a scaoileadh, fuinneamh atá riachtanach don fheidhm atá beartaithe dóibh. Is fo-aicmí d'ábhair fuinneamhachais iad "pléascáin", "piriteicnicí" agus "tiomántáin". |
| ML6, 13 | "Caighdeáin choibhéiseacha" | Caighdeáin náisiúnta nó idirnáisiúnta inchomparáide atá aitheanta ag ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh nó de Stáit atá rannpháirteach i gComhshocraíocht Wassenaar agus is infheidhme maidir leis an iontráil ábhartha. |
| ML8, 18 | "Pléascáin" | Substaintí nó meascáin, bíodh siad soladach, leachtach nó gásach, nach mór dóibh madhmadh nuair atá feidhm á baint astu mar lánáin phríomhúla, mar lánáin treisithe nó mar phríomhlánáin i bpléasc-chinn, i scartáil agus i bhfeidhmeanna eile. |
| ML7 | "Veicteoirí léiriúcháin" | Iompróirí (e.g. plasmaid nó víreas) a úsáidtear chun ábhar géiniteach a chur isteach i gcealla óstacha. |
| ML13 | "Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha" | Áirítear orthu iad seo a leanas:<br>a. Monaifiliméid leanúnacha;<br>b. Snáth leanúnach agus caisirníní leanúnacha;<br>c. Téipeanna, fabraicí, mataí randamacha agus bréideanna randamacha;<br>d. Blaincéid de shnáithíní mionghearrtha, de shnáithíní stáplacha agus de shnáithíní comhtháite;<br>e. Guairí, bídís monaichriostalach nó polaichriostalach, fada nó gearr;<br>f. Laíon polaimíde aramatach. |
| ML15 | "Feadáin dianaithe íomhánna den chéad ghlúin" | Feadáin ag a bhfuil fócasú leictreastatach, ina n-úsáidtear aghaidhphlátaí aschuir agus ionchuir de ghloine nó de shnáithín optach, fótacatóidí il-alcaile (S-20 nó S-25), ach nach n-úsáidtear aon aimplitheoirí pláta micreachainéal. |
| ML17 | "Ceall Breosla" | Feiste leictriceimiceach a thiontaíonn fuinneamh ceimiceach ina leictreachas Srutha Dhírigh (DC) trí bhreosla a ídiú a thagann ó fhoinse sheachtrach. |
| ML22 | "San fhearann poiblí" | Ciallaíonn sé sin "teicneolaíocht" nó "bogearraí" a cuireadh ar fáil gan aon srian maidir lena scaipeadh a thuilleadh.<br>*Nóta*<br>*Ní fhágann srianta cóipchirt nach mbeidh "teicneolaíocht" ná "bogearraí" "san fhearann poiblí".* |
| ML9, 19 | "Léasar" | Ítim a tháirgeann solas atá comhleanúnach ó thaobh spáis agus ama de trí bhíthin aimpliú le hastú spreagtha radaíochta. |

| | | |
|---|---|---|
| ML17 | "Leabharlann" (bunachar sonraí teicniúil paraiméadrach) | Bailiúchán d'fhaisnéis theicniúil a bhféadfaí leas a bhaint as, trí thagairt dó, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na gcóras, an trealaimh nó na gcomhpháirteanna cuí. |
| ML10 | "Feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer" | Balúin agus "aerlonga" a bhraitheann ar aer te nó ar gháis eile is éadroime ná an t-aer, ar héiliam nó hidrigin, cuir i gcás, chun go bhféadfaidh siad dul in airde.<br><br>*Nóta Teicniúil*<br><br>*"Aerlong"*<br>*Feithicil aerbheirthe chumhacht-tiomáinte a choinnítear ar foluain trí bhíthin meall gáis is éadroime ná an t-aer (héiliam de ghnáth, hidrigin roimhe seo).* |
| ML9, 17 | "Imoibreoir núicléach" | Áirítear leis na hítimí go léir atá istigh i soitheach an imoibreora nó atá ceangailte go díreach de, an trealamh lena rialaítear leibhéal na cumhachta i gcroí an imoibreora, agus na comhpháirteanna sin ar gnách gurb iontu a bhíonn príomhfhuarthán chroí an imoibreora, nó go mbíonn siad i dtadhall díreach leis an bhfuarthán sin, nó gur leo a dhéantar é a rialú. |
| ML8 | "Réamhtheach-taithe" | Ceimiceáin speisialtachta a úsáidtear i monarú pléascán. |
| ML 21, 22 | "Táirgeadh" | Ciallaíonn sé gach céim den táirgeadh, lena n-áirítear na céimeanna seo a leanas: innealtóireacht táirgí, monarú, comhtháthú, cóimeáil (gléasadh), cigireacht, tástáil, dearbhú cáilíochta. |
| ML8 | "Tiomántáin" | Substaintí nó meascáin a imoibríonn go ceimiceach chun toirteanna móra de gháis theo a tháirgeadh, ag rátaí rialaithe, chun obair mheicniúil a dhéanamh. |
| ML4, 8 | "Ábhair phiriteicniúla" | Meascáin de bhreoslaí soladacha nó leachtacha agus d'ocsaídeoirí a mbaineann dóibh, nuair a adhntar iad, imoibriú ceimiceach fuinneamhachais ag ráta rialaithe lena mbeartaítear moilleanna ama ar leith a chur i bhfeidhm, nó cainníochtaí teasa, torainn, deataigh, solais infheicthe nó radaíochta infridheirge. Fo-aicme d'ábhair phiriteicniúla is ea pireafóraigh, nach bhfuil aon ocsaídeoirí iontu ach a adhnann go spontáineach ar theagmháil dóibh le haer. |
| ML22 | "Atá riachtanach" | De réir mar a chuirtear i bhfeidhm i leith na "teicneolaíochta" é, ní bhaineann sé ach leis an gcuid sin den "teicneolaíocht" a fhágann gur féidir na leibhéil feidhmíochta, na tréithe nó na feidhmeanna atá á rialú, a bhaint amach nó dul os a gcionn. Féadfaidh an "teicneolaíocht" sin atá "riachtanach" a bheith roinnte idir táirgí difriúla. |
| ML7 | "Oibreáin smachtaithe círéibe" | Substaintí a chuireann greannú céadfach ar dhaoine go gasta nó a chuireann bac fisiciúil orthu go gasta, greannú nó bac nach maireann ach go ceann seal gairid tar éis an duine teacht faoi thadhall na substainte, nuair a úsáidtear na substaintí sin sna cúinsí dár ceapadh iad chun lucht círéibe a smachtú. (Fo-thacar de "oibreáin smachtaithe círéibe" is ea deorgháis.) |

| | | |
|---|---|---|
| ML17 | "Róbat" | Meicníocht ionramhála, bíodh sí de chineál na conaire leanúnaí nó den chineál pointe go pointe, a fhéadfaidh leas a bhaint as braiteoirí, agus ag a bhfuil na hairíonna uile seo a leanas:<br>a. Tá sé ilfheidhmeach;<br>b. Tá ar a cumas ábhar, páirteanna, uirlisí nó feistí speisialta a shuí nó a threoshuí trí ghluaiseachtaí inathraithe i spás tríthoiseach;<br>c. Ionchorpraítear leis trí sheirbhifheiste nó níos mó, bídís ina seirbhifheistí lúb-iata nó ina seirbhifheistí lúb-oscailte, agus féadfar mótair chéimthomhais a áireamh leo sin; agus<br>d. Tá "in-ríomhchláraitheacht atá inrochtana don úsáideoir" inti trí mhodh an mhúinte/athsheinnte nó trí ríomhaire leictreonach a fhéadfaidh a bheith ina rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe, i. e. gan idirghabháil mheicniúil.<br>Is é atá san "in-ríomhchláraitheacht atá inrochtana don úsáideoir" an tsaoráid lena gceadaítear don úsáideoir "cláir" a chur isteach, a mhodhnú nó a athrú trí mhodhanna seachas:<br>a. Athrú fisiciúil sa sreangú nó sna hidirnaisc; nó<br>b. Socrú na rialuithe feidhme lena n-áirítear cur isteach paraiméadar.<br><br>Nóta<br><br>*Ní áirítear leis an sainmhíniú thuas na feistí seo a leanas:*<br>1. *Meicníochtaí ionramhála nach féidir a rialú ach amháin de láimh nó nach féidir ach le teileoibreoir iad a rialú;*<br>2. *Meicníochtaí ionramhála a bhfuil seicheamh fosaithe acu, arb é atá iontu feistí gluaiste uathoibríocha, atá ag feidhmiú i gcomhréir le gluaisní ríomhchláraithe atá fosaithe go meicniúil. Tá an clár teoranta go meicniúil ag stopanna fosaithe, amhail pionnaí nó ceama. Ní féidir an seicheamh de ghluaisne ná roghnú na gcosán ná roghnú na n-uillinneacha a athrú ná a mhodhnú trí mhodhanna meicniúla, trí mhodhanna leictreonacha ná trí mhodhanna leictreacha;*<br>3. *Meicníochtaí ionramhála a bhfuil seicheamh athraitheach acu agus atá faoi rialú meicniúil, arb é atá iontu feistí gluaiste uathoibríocha, atá ag feidhmiú i gcomhréir le gluaisní ríomhchláraithe atá fosaithe go meicniúil. Tá an clár teoranta go meicniúil ag stopanna fosaithe inchoigeartaithe, amhail pionnaí nó ceama. Is féidir an seicheamh gluaisní agus roghnú na gconairí agus roghnú na n-uillinneacha a athrú laistigh de phatrún an chláir fhosaithe. Athruithe nó modhnuithe maidir le patrún an chláir (e.g. pionnaí a athrú nó ceama a mhalartú) in ais ghluaisne amháin nó níos mó, ní féidir na hathruithe ná na modhnuithe sin a chur i gcrích ach amháin trí oibríochtaí meicniúla;*<br>4. *Meicníochtaí ionramhála a bhfuil seicheamh athraitheach acu agus atá faoi rialú neamh-sheirbhimheicníochta, arb é atá iontu feistí gluaiste uathoibríocha, atá ag feidhmiú i gcomhréir le gluaisní ríomhchláraithe atá fosaithe go meicniúil. Is féidir an clár a athrú ach ní leanfaidh an seicheamh ar aghaidh ach amháin leis an gcomhartha dénártha a thiocfaidh ó fheistí dénártha leictreacha atá fosaithe go meicniúil nó ó stopanna inchoigeartaithe;*<br>5. *Craenacha cruachadóireachta a shainmhínítear mar chórais ionramhála comhordanáidí Cairtéiseacha a mhonaraítear mar chuid dhílis d'eagar ingearach de ghabhdáin stórála agus atá deartha chun rochtain a fháil ar a bhfuil sna gabhdáin sin d'fhonn é a stóráil nó a aisghabháil.* |

| | | |
|---|---|---|
| ML11 | "Córas loingseoireachta satailíte" | Córas arb é atá ann stáisiúin talún, buíon satailítí, agus glacadóirí, a fhágann gur féidir suíomh glacadóirí a ríomh ar bhonn comharthaí ó na satailítí. Áirítear ann Córais Dhomhanda Loingseoireachta Satailíte agus Córais Réigiúnacha Loingseoireachta Satailíte. |
| ML4, 11, 21 | "Bogearraí" | Cnuasach a bhfuil ceann amháin nó níos mó de "chláir" nó de "mhicreachláir" ann agus é nó iad fosaithe in aon mheán inláimhsithe sloinnte.<br>*Nóta Teicniúil 1*<br>*"Clár"*<br>*Seicheamh de threoracha chun próiseas a chur i gcrích i bhfoirm a bheadh inrite ag ríomhaire leictreonach, nó seicheamh den sórt sin ar féidir é a thiontú chun na foirme sin.*<br>*Nóta Teicniúil 2*<br>*"Micreachlár"*<br>*Seicheamh de bhuntreoracha, a choimeádtar i gcuimhne speisialta, agus a chuirtear i bhfeidhm nuair a chuirtear an treoir thagartha isteach i dtabhall treorach.* |
| ML11 | "Spásárthaí" | Satailítí agus taiscéalaithe spáis, bídís gníomhach nó éighníomhach. |
| ML19 | "Spáscháilithe" | A dearadh, a monaraíodh nó a cáilíodh trí thástáil rathúil, lena hoibriú ag airde is mó ná 100 km os cionn dhromchla an Domhain.<br>*Nóta*<br>*Cinneadh a dhéantar de bhua tástála gur ítim "spáscháilithe" is ea ítim shonrach ó rith tairgthe, ní fhágann an cinneadh sin go bhfuil ítimí eile sa rith táirgthe céanna nó sa tsraith samhla chéanna "spáscháilithe" murar tástáladh ina gceann is ina gceann iad.* |
| ML20 | "Forsheoltach" | Tagraíonn d'ábhair (i.e. miotail, cóimhiotail nó comhdhúile) ar féidir leo an fhriotaíocht leictreach ar fad a chailleadh (i.e. ar féidir leo seoltacht leictreach gan teorainn a shroicheadh agus ar féidir leo sruthanna leictreachais an-mhór a iompar gan téamh Joule).<br>*Nóta Teicniúil*<br>*I gcás aon ábhar ar leithligh, is é is saintréithe dá staid "fhorsheoltach" ná "teocht chriticiúil", réimse maighnéadach criticiúil, ar feidhm é den teocht, agus dlús srutha criticiúil ar feidhm é den réimse maighnéadach agus den teocht araon.*<br>*Nóta*<br>*Is é teocht atá sa "teocht chriticiúil" (dá dtagraítear uaireanta mar an teocht thrasdultach) ábhair shonraigh "fhorsheoltaigh" an teocht sin ag a gcailleann an t-ábhar iomlán a fhriotaíocht in aghaidh sreabhadh srutha leictrigh dhírigh.* |

| | | |
|---|---|---|
| ML22 | "Teicneolaíocht" | Faisnéis shonrach is gá chun táirge a "fhorbairt", a "tháirgeadh" nó a "úsáid". Is i bhfoirm "sonraí teicniúla" nó i bhfoirm "cúnaimh theicniúil" a bhíonn an fhaisnéis sin. Sainítear in ML22 an "teicneolaíocht" shonraithe le haghaidh Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.<br><br>*Nótaí Teicniúla*<br><br>1. *D'fhéadfadh sé gur i bhfoirm treoirphleananna, pleananna, léaráidí, samhlacha, foirmlí, táblaí, dearaí agus sonraíochtaí innealtóireachta, lámhleabhar agus treoracha a bheadh na "sonraí teicniúla" agus iad scríofa nó taifeadta ar mheáin eile nó ar ghairis eile amhail dioscaí, téipeanna agus cuimhní inléite amháin.*<br>2. *D'fhéadfadh sé gur i bhfoirm teagaisc, scileanna, oiliúna, eolais oibre, seirbhísí comhairliúcháin a bheadh an "cúnamh teicniúil". D'fhéadfadh aistriú "sonraí teicniúla" a bheith i gceist le "cúnamh teicniúil".*<br>3. *"Úsáid": oibriú, suiteáil (lena n-áirítear suiteáil ar an láthair), cothabháil (seiceáil), deisiú, ollchóiriú agus athchóiriú.* |
| ML10 | "Aerárthach gan fhoireann" | Aon "aerárthach" atá in ann tús a chur le heitilt agus eitilt rialaithe agus loingseoireacht a choinneáil ar siúl gan aon fhoireann inti. |
| ML21 | "Nochtadh leochaileachta" | An próiseas sin arb é atá ann leochaileacht a shainaithint, a thuairisciú nó a chur in iúl do dhaoine aonair nó d'eagraíochtaí atá freagrach as feabhsúchán a dhéanamh nó a chomhordú chun an leochaileacht a réiteach, nó an próiseas sin arb é atá ann leochaileacht a anailísiú i dteannta na ndaoine aonair nó na n-eagraíochtaí sin. |

# CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE

## an 21 Feabhra 2023

## lena gceaptar ceathrar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia

(2023/C 72/03)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1) de,

Ag féachaint do na hainmniúcháin a chuir an Bhulgáir, an Fhrainc, an Iodáil agus an Liotuáin faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas, caighdeáin eolaíocha, trédhearcacht agus éifeachtúlacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach comhar EFSA le is na Ballstáit a áirithiú.

(2) Ceanglaítear le hAirteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 go n-ainmneoidh gach Ballstát comhalta agus comhalta malartach mar ionadaithe dóibh ar Bhord Bainistíochta EFSA. Ceapann an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna n-ainmniú mar sin ar feadh thréimhse 4 bliana, ar tréimhse í a fhéadfar a athnuachan, agus beidh ceart vótála acu.

(3) Cheap an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh uaithi an 7 Aibreán 2022 ([2]), ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(4) I litir dar dháta an 7 Deireadh Fómhair 2022, cuireadh in iúl do EFSA go ndeachaigh Roger GENET, comhalta na Fraince, ar scor.

(5) I litir dar dháta an 1 Nollaig 2022, cuireadh in iúl do EFSA go ndeachaigh Massimo CASCIELLO, comhalta na hIodáile, ar scor.

(6) I litir dar dháta an 9 Nollaig 2022, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Mantas STAŠKEVIČIUS, comhalta na Liotuáine, as oifig.

(7) I litir dar dháta an 12 Nollaig 2022, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Svetlana TCHERKEZOVA, comhalta malartach na Bulgáire, as oifig.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart ceathrar ionadaithe nua a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaithe faoi seach.

---

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 7 Aibreán 2022 lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO C 159, 12.4.2022, lch. 6).

(9) Tá taithí agus saineolas forleathan ag na hionadaithe arna n-ainmniú ag an mBulgáir, an Fhrainc, an Iodáil agus an Liotuáin i réimse dhlí agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus i réimsí ábhar bainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dlí chomh maith. Dá bhrí sin, lena gceapacháin, baintear amach i mBord Bainistíochta EFSA na caighdeáin is airde inniúlachta agus an raon is leithne taithí ábhartha atá ar fáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2026:

— Benoît VALLET (an Fhrainc),

— Ugo DELLA MARTA (an Iodáil),

— Egidijus PUMPUTIS (an Liotuáin).

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia don tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2026:

— Gergana Nikolova BALIEVA (An Bhulgáir).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** ([1])

**27 Feabhra 2023**

(2023/C 72/04)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0554 | CAD | dollar Cheanada | 1,4334 |
| JPY | yen na Seapáine | 143,88 | HKD | dollar Hong Cong | 8,2818 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4426 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,7185 |
| GBP | punt steirling | 0,88073 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4246 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,0595 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 396,00 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9929 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 19,4574 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 152,30 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,3378 |
| NOK | krone na hIorua | 10,9635 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 119,69 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,7266 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 23,619 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 58,596 |
| HUF | forint na hUngáire | 379,93 | RUB | rúbal na Rúise | |
| PLN | zloty na Polainne | 4,7160 | THB | baht na Téalainne | 37,045 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9198 | BRL | real na Brasaíle | 5,4848 |
| TRY | lira na Tuirce | 19,9324 | MXN | peso Mheicsiceo | 19,3777 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,5739 | INR | rúipí na hIndia | 87,3360 |

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid**

*(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006* [1]*)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 72/05)

**Cinneadh lena ndeonaítear údarú**

| An tagairt don chinneadh [1] | Dáta an Chinnidh | Ainm na substainte | Sealbhóir an údaraithe | Uimhir an údaraithe | Úsáid údaraithe | Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe | Na cúiseanna atá leis an gcinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C(2023) 1085 | 21 Feabhra 2023 | 4-(1,1,3,3-teitrimhei-tiolbúitil)feanóil, eatocsaláite ("4-treas-OPnEO")<br>Uimh. CE.-;<br>Uimh. CAS.- | Takeda Manufacturing Austria AG, Industriestrasse 67, 1220, Vín, an Ostair<br>Baxalta Belgium Manufacturing SA, Boulevard René Branquart 80, 7860, Lessines, an Bheilg | REACH/23/3/0<br>REACH/23/3/1 | Mar ghlantach chun víreas a dhíghníomhachtú trí chóireáil tuaslagóra nó trí chóireáil ghlantach sna táirgí íocshláinte athchuingreacha agus sna táirgí íocshláinte de dhíorthach plasma a liostaítear san Iarscríbhinn | 4 Eanáir 2033 | I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr úsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann atá oiriúnach. |

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

---

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

**Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid**

*(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]))*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 72/06)

**Cinneadh lena ndeonaítear údarú**

| An tagairt don chinneadh ([1]) | Dáta an Chinnidh | Ainm na substainte | Sealbhóir an údaraithe | Uimhir an údaraithe | Úsáid údaraithe | Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe | Na cúiseanna atá leis an gcinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C(2023) 1078 | 21 Feabhra 2023 | 4-(1,1,3,3-teitrimheitiolbúitil)feanóil, eatocsaláite ("4-treas-OPnEO") Uimh. CE.-; Uimh. CAS.- | Yposkesi, 26 rue Henri Auguste-Desbruères, 91100 Corbeil-Essonnes, an Fhrainc | REACH/23/4/0 | Le haghaidh a airíonna glantacha neamhianacha le haghaidh an lísis cillscannáin agus an díothaithe víreasaigh le linn forbairt agus monarú veicteoirí víreasacha i dtáirgí íocshláinte atá tiomnaithe d'úsáid an duine (Táirge Íocshláinte Ardteiripe Imscrúdaitheacha agus Údaraithe) | 4 Eanáir 2028 | I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol de bharr úsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann atá oiriúnach. |

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

**Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid**

*(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]))*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 72/07)

**Cinneadh lena ndeonaítear údarú**

| Tagairt an chinnidh ([1]) | Dáta an Chinnidh | Ainm na substainte | Sealbhóir an údaraithe | Uimhir an údaraithe | Úsáid údaraithe | Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin | Na cúiseanna atá leis an gcinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C(2023) 1077 | 21 Feabhra 2023 | 4-(1,1,3,3-teitrimeitilbúitil)feanóil, eatocsaláite (“4-tert-OPnEO”)<br>Uimh. CE-;<br>Uimh. CAS- | Rousselot bvba, Meulestedekaai 81, 9000 Gent, an Bheilg | REACH/23/6/0 | Gníomhaí dromchlach i monarú geilitín ar bheagán iontocsaine | An 4 Eanáir 2033 | I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le húsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach. |

([1]) [1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

# FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

**Nuashonrú ar an liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)** ([1])

(2023/C 72/08)

An liosta de cheadanna cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ([2]), foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tá nuashonrú rialta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

**LIOSTA DE CHEADANNA CÓNAITHE A EISÍONN NA BALLSTÁIT**

LUCSAMBURG

*Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 126, 12.4.2021.*

(NB: Níl an liosta athbhreithnithe ina iomláine)

— Carte de séjour de membre de famille d'un citoyen de l'Union ou d'un ressortissant d'un des autres Etats ayant adhéré à l'Espace économique européen ou de la Confédération suisse – série M

  (Cárta cónaithe baill teaghlaigh le saoránach den Aontas nó le náisiúnach de cheann amháin de na Stáit eile a d'aontaigh don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó don Chomhaontú maidir le Cónaidhm na hEilvéise – Sraith M)

— Carte de séjour permanent de membre de famille d'un citoyen de l'Union ou d'un ressortissant d'un des autres Etats ayant adhéré à l'Espace économique européen ou de la Confédération suisse – série M

  (Cárta buanchónaithe baill teaghlaigh le saoránach den Aontas nó le náisiúnach de cheann amháin de na Stáit eile a d'aontaigh don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó don Chomhaontú maidir le Cónaidhm na hEilvéise – Sraith M)

— Liste des élèves participant à un voyage scolaire dans l'Union européenne.

  (Liosta na ndaltaí scoile atá ag glacadh páirt i dturas scoile laistigh den Aontas Eorpach)

— Cartes diplomatiques, consulaires et de légitimation délivrées par le Ministère des Affaires étrangères (voir annexe 20)

  (Cárta aitheantais taidhleoireachta, cártaí aitheantais consalacha agus cártaí dlisteanaithe/seirbhíse arna n-eisiúint ag an Aireacht Gnóthaí Eachtracha (féach Iarscríbhinn 20)

— Visa long séjour (visa sous forme de vignette avec un code national D).

  (Víosa fadfhanachta – greamán víosa ar a bhfuil cód náisiúnta D)

— Titres de séjour délivrés aux ressortissants de pays tiers selon le format uniforme dans les catégories suivantes :

  — travailleur salarié

  — travailleur indépendant

  — chercheur

  — travailleur salarié détaché,

  — travailleur salarié transféré,

([1]) Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.

([2]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

— travailleur salarié (article 44bis),

— travailleur saisonnier,

— prestataire de services communautaire,

— travailleur d'un prestataire de service UE,

— résident de longue durée-UE,

— membre de famille,

— carte bleue européenne ,

— élève,

— étudiant,

— ICT – employé stagiaire,

— ICT - expert/cadre,

— Mobile ICT - employé/stagiaire,

— Mobile ICT - expert/cadre,

— protection internationale-protection subsidiaire,

— protection internationale-statut de réfugié,

— volontaire,

— jeune au pair,

— stagiaire,

— vie privée,

— sportif,

— investisseur.

(ceadanna cónaithe a eisítear do náisiúnaigh tríú tír a mbaineann ceann de na catagóirí seo a leanas leo: oibrí tuarastail, oibrí féinfhostaithe, taighdeoir, oibrí tuarastail ar postú, oibrí tuarastail a aistríodh, oibrí tuarastail (airteagal 44bis), oibrí séasúrach, soláthraí seirbhíse Eorpach, cónaitheoir fadtéarma san Aontas, ball teaghlaigh, duine a bhfuil cárta gorm AE acu, dalta scoile, mac léinn, TFC: oiliúnaí nó fostaí, saineolaí TFC, TFC soghluaiste: oiliúnaí nó fostaí, saineolaí TFC soghluaiste, cosaint idirnáisiúnta-cosaint choimhdeach, cosaint idirnáisiúnta-dídeanaí aitheanta, oibrí deonach, au pair, cúiseanna príobháideacha, duine den lucht spóirt, infheisteoir)

— Titres de séjour délivrés aux ressortissants britanniques et aux membres de leur famille, bénéficiaires de l'Accord de retrait, en application de l'Article 18(1) de l'Accord de retrait conclu entre l'Union européenne et le Royaume-Uni (Article 50 TUE)

(doiciméid chónaithe le haghaidh náisiúnaigh Bhriotanacha agus le haghaidh baill dá dteaghlaigh ar tairbhithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar iad, doiciméid a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ("Airteagal 50 CAE"))

— Attestation de bénéficiaire d'une protection temporaire — dans le cadre de la mise en œuvre de la décision d'exécution (UE) 2022/382 du Conseil du 4 mars 2022 constatant l'existence d'un afflux massif de personnes déplacées en provenance d'Ukraine, au sens de l'article 5 de la directive 2001/55/CE, etayant pour effet d'introduire une protection temporaire.

(Deimhniú a eisítear chuig tairbhithe de chosaint shealadach – faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1))

AN PHORTAINGÉIL

*Le cur in ionad an liosta a foilsíodh in IO C 126, 12.4.2021.*

1. ***Ceadanna cónaithe a eisítear de réir na formáide aonfhoirmí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle***

TÍTULO DE RESIDÊNCIA

Tugann an doiciméad seo stádas cónaitheora sa Phortaingéil do náisiúnaigh tríú tír

*Stádas sealadach* – bailí ar feadh 2 bhliain ón dáta eisiúna; is féidir é a athnuachan le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha de 3 bliana

*Stádas buan* – bailí ar feadh tréimhse éiginnte; ní mór é a athnuachan gach 5 bliana nó aon uair a bhíonn aon athrú i sonraí céannachta an sealbhóra

*Dídeanaí* – bailí ar feadh tréimhse 5 bliana

*Forais dhaonnúla* – bailí ar feadh tréimhse 3 bliana

Eisíodh ceadanna cónaithe leictreonacha i gcomhthéacs treoirthionscadail ón 22 Nollaig 2008 dtí an 3 Feabhra 2009; ón dáta sin a cuireadh an doiciméad i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.

2. ***Cártaí cónaithe a eisítear i gcomhréir le Treoir 2004/38 (nach bhfuil i bhformáid aonfhoirmeach)***

CARTÃO DE RESIDÊNCIA PERMANENTE Familiar de Cidadão da União Europeia,

Nacional de Estado Terceiro

Doiciméad a eisítear do bhaill teaghlaigh le náisiúnach den Aontas Eorpach, ar baill teaghlaigh iad a chónaigh go dleathach in éineacht leis an náisiúnach den Aontas Eorpach sin sa Phortaingéil ar feadh tréimhse 5 bliana as a chéile

Eisítear é tar éis do dhuine Cartão de Residência para Familiar de Cidadão da União Europeia, Nacional de Estado Terceiro a bheith i seilbh acu (= cárta cónaithe le haghaidh ball teaghlaigh le náisiúnach den Aontas Eorpach, ar náisiúnach tríú tír é an ball teaghlaigh sin) (bailí ar feadh 5 bliana)

An Uastréimhse Bhailíochta – 10 mbliana

Arna eisiúint ón 3 Meán Fómhair 2017 ar aghaidh

CARTÃO DE RESIDÊNCIA Familiar de Cidadão da União Europeia, Nacional de Estado Terceiro

Doiciméad a eisítear do bhaill teaghlaigh le náisiúnaigh den Aontas Eorpach ar náisiúnaigh tríú tír iad na baill teaghlaigh sin atá ag fanacht sa Phortaingéil ar feadh tréimhse is faide ná 3 mhí

Eisítear é do bhaill teaghlaigh le náisiúnaigh den Phortaingéil ar náisiúnaigh tríú tír iad na baill teaghlaigh sin

An Uastréimhse Bhailíochta – 5 bliana

Eisítear é do bhaill teaghlaigh le náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nach í an Phortaingéil an Ballstát sin; is ionann an dáta éaga agus dáta éaga an deimhnithe clárúcháin atá i seilbh an bhaill teaghlaigh atá i gceist.

An Uastréimhse Bhailíochta – 5 bliana

Eisítear é do bhaill teaghlaigh le náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nach í an Phortaingéil an Ballstát sin, náisiúnach a bhfuil'Cartão de Residência Permanente de Cidadão da União Europeia' ina sheilbh aige (cárta buanchónaithe le haghaidh náisiúnaigh den Aontas Eorpach)

An Uastréimhse Bhailíochta – 5 bliana

Arna eisiúint ón 3 Meán Fómhair 2017 ar aghaidh

CERTIFICADO DE RESIDÊNCIA PERMANENTE CIDADÃO DA UNIÃO EUROPEIA

Doiciméad a eisítear do náisiúnaigh an Aontais Eorpaigh atá ina gcónaí go dleathach sa Phortaingéil le níos mó ná 5 bliana

An Uastréimhse Bhailíochta – 10 mbliana

Arna eisiúint ón 9 Eanáir 2019 ar aghaidh

TITULOS DE RESIDÊNCIA ESPECIAIS EMITIDOS PELO MINISTÉRIO DOS NEGÓCIOS ESTRANGEIROS

(Ceadanna cónaithe speisialta arna n-eisiúint ag an Aireacht Gnóthaí Eachtracha) (féach Iarscríbhinn 20)

DOICIMÉID EILE A EISÍTEAR CHUIG NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR AR COMHIONANN NA DOICIMÉID SIN AGUS CEAD CÓNAITHE

CERTIFICADO DE PEDIDO DE TÍTULO DE RESIDÊNCIA – ARTIGO 50.º do TUE

(Deimhniú iarratais ar chead cónaithe – Airteagal 50 CAE)

Eisítear an deimhniú sin chuig náisiúnaigh de chuid RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN a rinne iarratas ar chead cónaithe agus a áirítear faoi raon feidhme an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Níl aon dáta éaga i gceist leis

Arna eisiúint ón 1 Samhain 2020 ar aghaidh

**Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo**

IO C 247, 13.10.2006, lch. 1.

IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.

IO C 153, 6.7.2007, lch. 1.

IO C 164, 18.7.2007, lch. 45.

IO C 192, 18.8.2007, lch. 11.

IO C 271, 14.11.2007, lch. 14.

IO C 57, 1.3.2008, lch. 31.

IO C 134, 31.5.2008, lch. 14.

IO C 207, 14.8.2008, lch. 12.

IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.

IO C 3, 8.1.2009, lch. 5.

IO C 64, 19.3.2009, lch. 15.

IO C 198, 22.8.2009, lch. 9.

IO C 239, 6.10.2009, lch. 2.

IO C 298, 8.12.2009, lch. 15.

IO C 308, 18.12.2009, lch. 20.

IO C 35, 12.2.2010, lch. 5.

IO C 82, 30.3.2010, lch. 26.

IO C 103, 22.4.2010, lch. 8.

IO C 108, 7.4.2011, lch. 7.

IO C 157, 27.5.2011, lch. 5.

IO C 201, 8.7.2011, lch. 1.

IO C 216, 22.7.2011, lch. 26.

IO C 283, 27.9.2011, lch. 7.

IO C 199, 7.7.2012, lch. 5.

IO C 214, 20.7.2012, lch. 7.

IO C 298, 4.10.2012, lch. 4.

IO C 51, 22.2.2013, lch. 6.

IO C 75, 14.3.2013, lch. 8.

IO C 77, 15.3.2014, lch. 4.

IO C 118, 17.4.2014, lch. 9.

IO C 200, 28.6.2014, lch. 59.

IO C 304, 9.9.2014, lch. 3.

IO C 390, 5.11.2014, lch. 12.

IO C 210, 26.6.2015, lch. 5.

IO C 286, 29.8.2015, lch. 3.

IO C 151, 28.4.2016, lch. 4.

IO C 16, 18.1.2017, lch. 5.

IO C 69, 4.3.2017, lch. 6.

IO C 94, 25.3.2017, lch. 3.

IO C 297, 8.9.2017, lch. 3.

IO C 343, 13.10.2017, lch. 12.

IO C 100, 16.3.2018, lch. 25.

IO C 144, 25.4.2018, lch. 8.

IO C 173, 22.5.2018, lch. 6.

IO C 222, 26.6.2018, lch. 12.

IO C 248, 16.7.2018, lch. 4.

IO C 269, 31.7.2018, lch. 27.

IO C 345, 27.9.2018, lch. 5.

IO C 27, 22.1.2019, lch. 8.

IO C 31, 25.1.2019. lch. 5.

IO C 34, 28.1.2019, lch. 4.

IO C 46, 5.2.2019, lch. 5.

IO C 330, 6.10.2020, lch. 5.

IO C 126, 12.4.2021, lch. 1.

IO C 140, 21.4.2021, lch. 2.

IO C 150, 28.4.2021, lch. 5.

IO C 365, 10.9.2021, lch. 3.

IO C 491, 7.12.2021, lch. 5.

IO C 509, 17.12.2021, lch. 10.

IO C 63, 7.2.2022, lch. 6.

IO C 272, 15.7.2022, lch. 4.

IO C 304, 9.8.2022, lch. 5.

IO C 393, 13.10.2022, lch. 10.

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10821 — YOKOHAMA RUBBER CO / TRELLEBORG WHEEL SYSTEMS HOLDING)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 72/09)

1. An 17 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Yokohama Rubber Co., Ltd ("YRC", an tSeapáin)

— Trelleborg Wheel Systems Holding AB ("TWS", an tSualainn)

Gheobhaidh YRC rialú ar TWS ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá YRC gníomhach i monarú agus i ndíol bonn, lena n-áirítear boinn eisbhóthair le haghaidh feithiclí éagsúla, lena n-áirítear feithiclí talmhaíochta agus neamhthalmhaíochta (i.e. feithiclí tionsclaíocha agus tógála). Tá sé gníomhach freisin i monarú agus i ndíol táirgí eile atá bunaithe ar rubar,

— Tá TWS gníomhach i monarú agus i ndíol bonn, lena n-áirítear boinn eisbhóthair le haghaidh feithiclí éagsúla, lena n-áirítear feithiclí talmhaíochta agus neamhthalmhaíochta (i.e. feithiclí tionsclaíocha agus tógála). Tá TWS gníomhach freisin sa mhargadh seirbhísí athsholáthair agus iardhíola, trína fhochuideachta ar lánúinéireacht, Interfit.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10821 – YOKOHAMA RUBBER CO / TRELLEBORG WHEEL SYSTEMS HOLDING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11003 — DTC / IRCP / DIAMOND TRANSMISSION PARTNERS / OFTO BUSINESS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 72/10)

1. An 20 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Diamond Transmission UK Limited ("DTUK", an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Diamond Transmission Corporation Limited ("DTC", an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Mitsubishi Corporation ("MC", an tSeapáin),

— InfraRed Capital Partners Limited ("IRCP", an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Sun Life Financial Inc. ("Sun Life", Ceanada),

— an líonra tarchurtha d'fheirm ghaoithe amach ón gcósta Hornsea Two atá lonnaithe amach ó chósta Yorkshire sa Mhuir Thuaidh sa Ríocht Aontaithe (an'Gnó OFTO', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh DTUK agus IRCP comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an nGnó OFTO ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta faoi rialú DTC é DTUK. Is cuideachta sealbhaíochta a chomhtháthaíonn gníomhaíochtaí infheistíochta MC san earnáil tarchurtha leictreachais é DTC. Is cuideachta trádála domhanda a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, miotail, innealra, ceimiceáin, bia agus marsantacht ghinearálta é MC,

— Is cuideachta bainistíochta infheistíochta bonneagair atá gníomhach i gcomhairle airgeadais agus bainistiú infheistíochtaí thar ceann cistí infheistíochta é IRCP, agus é faoi rialú Sun Life. Is cuideachta seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn réitigh bainistíochta árachais, rachmais agus sócmhainní é Sun Life,

— Is é an líonra tarchurtha leictreachais d'fheirm ghaoithe amach ón gcósta Hornsea Two atá lonnaithe amach ó chósta Yorkshire sa Mhuir Thuaidh sa Ríocht Aontaithe é an Gnó OFTO.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11003 — DTC / IRCP / DIAMOND TRANSMISSION PARTNERS / OFTO BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11053 — GROUP CREDIT AGRICOLE / MICHELIN / WATEA)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 72/11)

1. An 21 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Crédit Agricole Leasing & Factoring ("CAL&F", an Fhrainc), atá faoi rialú Group Crédit Agricole ("GCA", an Fhrainc),

— Compagnie Financière Michelin ("CFM", an Fhrainc), atá faoi rialú Compagnie Générale des Etablissements Michelin ("Michelin", an Fhrainc),

— Watèa (an Fhrainc), atá faoi rialú Michelin.

Gheobhaidh GCA, trí CAL&F, agus Michelin, trí CFM, rialú comhpháirteach ar Watèa de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa frithpháirteach é GCA a thairgeann réimse leathan seirbhísí baincéireachta agus árachais ar fud an domhain agus cuireann sé réitigh um maoiniú cíosa ar fáil trína fhochuideachta CAL&F atá gníomhach sa Fhrainc, sa Bheilg, san Ísiltír, sa Ghearmáin, sa Pholainn, san Iodáil, i Maracó, sa Spáinn agus sa Phortaingéil,

— Monaraíonn agus dáileann Michelin boinn le haghaidh tionscal gluaisteán agus tionscal eile ar fud an domhain,

— Chruthaigh Michelin an chuideachta Watèa in 2021 agus thairgeann sé seirbhísí léasaithe flít agus seirbhísí bainistithe flít sa Fhrainc agus é mar aidhm aige tacú le grúpaí móra agus FBManna maidir le haistriú fuinnimh a bhflíteanna feithiclí tráchtála i dtreo soghluaisteacht níos glaise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11053 — GROUP CREDIT AGRICOLE / MICHELIN / WATEA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2023/C 72/12)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**"Gemlik Zeytini"**

**Uimh. AE: PDO-TR-02618 – 10.7.2020**

**STFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

"Gemlik Zeytini"

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is é atá i gceist le "Gemlik Zeytini" ológ iomlán ar a bhfuil dath idir dhath an chláiréid, donn dorcha agus dubh, agus arb iad craiceann tanaí, bia tiubh agus cloch bheag chruinn is saintréith di. Déantar Gemlik Zeytini a phróiseáil trí dhá mhodh. Is é atá sa chéad mhodh "ológa picilte" a ndéanann Gemlik Zeytini iad a phróiseáil ina sáile trí shalann sáile agus uisce a úsáid agus trí bhrú a chur orthu le clocha troma. Is é atá sa dara modh Gemlik Zeytini a shailleadh agus a phacáil gan uisce a úsáid ar a dtugtar "sele". Tá dhá chineál "sele" ann, is iad sin "kuru sele" (tirim) trí shalann sáile amháin a úsáid agus "yağlı sele" (olúil) trí roinnt olaí plandúla, amhail gránola agus ola lus na gréine, a chur leis. Níl olaí plandúla luaite a úsáidtear in "yağlı sele" (olúil) tábhachtach maidir le nasc nó sainiúlacht an táirge; Déantar "Gemlik Zeytini" a mheascadh le gránola nó le hola lus na gréine ina bhfuil idir 3 % agus 5 % de mheáchan na holóige a chuirtear sa phacáiste agus tugtar "yağlı sele" air sin. Coiptear ológa go nádúrtha gan aon chóireáil alcaileach. Ní bhrúitear an ológ ná ní dhéantar damáiste di. Saor ó ábhair choimhthíocha, bolaithe nó feithidí. Ní ghlactar le fabhtanna sna hológa.

Tá an bia mín, tais agus an-chumhraithe, agus scarann sé go héasca ón gcloch. Tá an cóimheas idir meáchan an bhia agus meáchan na cloiche idir 6/1 agus 7/1.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Tá craiceann “Gemlik Zeytini” tanaí agus greamaíonn sé den bhia.

Tá “Gemlik Zeytini” idir bheag agus mheánmhéide. Tá méid na n-ológ idir 201 – 410 dtoradh in aghaidh an chileagraim.

Tá cion ard ola idir 28 – 35 % ag “Gemlik Zeytini”.

Is iad α-Cyclogeraniol (glas agus milis) agus (E,E)-α-Farnesene (adhmadach) príomhtheirpéiní Gemlik Zeytini. Tá aistriú ceimiceach 4.00 – 5.00 ppm idir limistéar Gemlik agus limistéir eile.

Grádaítear “Gemlik Zeytini” próiseáilte de réir líon na dtorthaí in aghaidh an chileagraim; grádaítear ológa ag a bhfuil 201 – 230 toradh mar ‘X-Large (XL), 231-260 “Large” (L); 261-290 “Medium” (M); 291-320 “Small” (S); 321-350 “X-Small” (XS); 351-380 “2X Small” (2XS) agus is é 381-410 “3X Small” (3XS) an grád deireanach.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Is as torthaí aibí na gcineálacha O. *europaea L. “Gemlik”, “Gemlik 21” agus “Gemlik 27”,* agus astu sin amháin, a tháirgtear “Gemlik Zeytini”. Ní féidir le haon chineál eile a mheasctar le linn an fhómhair a bheith níos mó ná 5 %.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór táirgeadh na n-ológ neamhphróiseáilte agus an phróiseáil tarlú sa limistéar geografach atá sainithe.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *3.6. Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Sa bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach dá bhforáiltear sa reachtaíocht maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— Ainm an ainmnithe “Gemlik Zeytini”,

— Trádainm agus seoladh nó ainm gairid agus seoladh nó marc cláraithe an táirgeora,

— Lógó STFC an Aontais Eorpaigh

— Lipéad atá comhtháite le holagram, lógó agus cód QR barántúlachta

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Sa limistéar geografach cuimsítear ceantair Gemlik, İznik, Mudanya agus Orhangazi i gcúige Bursa, atá suite i ndeisceart réigiún Marmara na Tuirce.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Nasc cúisíoch*

Faigheann “Gemlik Zeytini” a shaintréithe féin ó na dálaí aeráide (teocht agus báisteach), an tíreolaíocht (airde), comhdhéanamh na hithreach agus saineolas teicniúil maidir le próiseáil na holóige boird a fhorbraíonn na táirgeoirí áitiúla i gceantair Gemlik, Iznik, Mudanya agus Orhangazi i gcaitheamh na mblianta. Chuaigh cineálacha O. europaea L. “Gemlik”, “Gemlik 21” agus “Gemlik 27” in oiriúint i gceart don réigiún agus tá saintréithe éagsúla ag torthaí na gcineálacha nuair a chuirtear i gcomparáid le réigiúin eile iad.

*Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Na saintréithe aeráide a thugann cion ard ola, bia mín agus tais, agus blas an-chumhraithe d'ológ Gemlik, is í an fhothain i gcuanta Gemlik agus Mudanya is cúis leo, agus ós rud é go bhfuil ceantair Orhangazi agus Iznik gar don chuan agus suite timpeall an locha, léiríonn na hológa a fhástar agus a phróiseáiltear sna ceithre cheantar sin saintréithe cáilíochta comhchosúla. Teastaíonn meánteocht idir 15 – 20 °C ó phlandaí ológ le linn thréimhse an bhláthaithe agus le linn tréimhse aibithe na dtorthaí agus teastaíonn íosteocht 5 °C uathu ó thréimhse an aibithe go dtí tréimhse an fhómhair. Ina theannta sin, teastaíonn tréimhse fhuar áirithe ón ológ agus bachlóg an bhlátha á foirmiú. Tá ológa an-íogair i leith teochtaí ísle agus déanfar damáiste dóibh má thiteann an t-íosteocht laethúil faoi bhun -7 °C. Tá aeráid idirthréimhseach ag Bursa agus is ceantar an-oiriúnach é chun ológa ar ardchaighdeán a fhás mar gheall air sin. Léiríonn an aeráid idirthréimhseach an meascán gnéithe idir aeráid na Meánmhara agus aeráid na Mara Duibhe. Féadfar é a mheas mar chonair speisialta idir an Mhuir Dhubh agus an Mheánmhuir ó thaobh na haeráide de. Is é 5.8 °C i mí Eanáir agus 6.8 °C i mí Feabhra, ar a laghad, an meánteocht laethúil sa limistéar geografach agus tá na teochtaí sin an-oiriúnach do thréimhse fuaraithe. Is é 16.9 °C an meánteocht is ísle i mí na Bealtaine, arb í tréimhse an bhláthaithe í, agus is é 21.1 °C an meánteocht is ísle i dtréimhse aibithe na dtorthaí. Tá na luachanna teochta sin ar na dálaí fáis is fearr, nach mór, le haghaidh crainn ológ agus táirgtear líon ard ológ mar gheall orthu. Déanann teocht an aeir difear do thiús an chraicinn agus do ghreamaitheacht chraiceann Gemlik Zeytini. Is í an aeráid idirthréimhseach is cúis leis an teocht níos fuaire ag céim fáis na n-ológ. Sna réigiúin eile, ag teochtaí níos airde, forbraíonn an ológ meicníocht chosanta trína craiceann a thiúchan chun é a chosaint ar theochtaí arda. Tá craiceann tanaí ar Gemlik Zeytini agus tá an craiceann greamaithe go daingean den bhia. Mar gheall ar an ngné sin de Gemlik Zeytini, ní bhraitheann aon saineolaí ná aon tomhaltóir an craiceann sa bhéal agus na hológa á n-ithe aige.

Déanann an teocht agus an airde difear don mhéid agus, le cineál na dteirpéiní (comhdhúileacha aramatacha), déantar idirdhealú idir blas na gcineálacha L. "Gemlik", "Gemlik 21" agus "Gemlik 27". Tá níos mó teirpéiní in ológa ó réigiúin níos teo ag a bhfuil airde níos ísle i gcomparáid le réigiúin níos fuaire ag a bhfuil airde níos mó. Toisc go bhfuil an limistéar geografach suite i réigiúin níos fuaire ag a bhfuil airde mhór atá 112 m ó leibhéal na mara, ar an meán, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir "Gemlik Zeytini" a shaothraítear sa limistéar geografach agus ológa a shaothraítear i réigiúin níos teo ag a bhfuil cion níos airde teirpéiní. Is iad α-Cyclogeraniol (glas agus milis) agus (E,E)-α-Farnesene (adhmadach) príomhtheirpéiní Gemlik zeytini. Tá aistriú ceimiceach 4.00 – 5.00 ppm idir limistéar Gemlik agus limistéir eile.

Tá an dath dubh domhain atá ar Gemlik zeytini ar cheann dá ghnéithe is sainiúla. Déanann an teocht difear do dhath Gemlik zeytini. Is é 25-30 °C an teocht is fearr i rith an lae le haghaidh na sintéise antóiciainine, ach tagann laghdú ar an tsintéis antóiciainine ag teochtaí os cionn 30-35 °C. Ina theannta sin, cuireann easpa solais moill ar dhathú agus moillíonn sé foirmiú substaintí aramatacha a bhfuil gá leo le haghaidh an bhlais.

Déanann réisím bháistí an réigiúin difear do tháirgeacht agus do cháilíocht an táirge. Cé go ndéanann báisteach i mí Aibreáin (61.8 mm) difear don táirgeacht, déanann báisteach i mí Mheán Fómhair (43.7 mm) difear do mhéid agus do chion ola na n-ológ.

63 % crédhúrabhán, 20 % dúrabhán agus 17 % cré atá i gcomhdhéanamh na hithreach. Rinneadh amach gurb in ithreacha dúrabháin is fearr a fhorbraíonn crainn ológ. Coinníonn an cineál ithreach sin uisce agus is féidir le crainn ológ fréamhacha níos láidre a fhás as a n-eascraíonn táirgeacht níos airde mar gheall air. Feictear go bhfuil saintréithe oiriúnacha ithreach ag an réigiún ó thaobh shaothrú na n-ológ de. Úsáidtear breis agus 60 % den talamh talmhaíochta iomlán le haghaidh feirmeoireacht olóige i gceantair Orhangazi, Gemlik, Mudanya agus Iznik.

Tá "Gemlik Zeytini" á shaothrú agus á phróiseáil i gcúige Bursa le fada an lá. Ina theannta sin, tá cáil ar "Gemlik Zeytini" a tháirgtear i gceantair Gemlik agus Mudanya ón tseanaimsir. Mar thoradh ar thaighde a rinneadh i gCartlann na nOtamánach, rinneadh amach gur táirgeadh an ológ sna ceantair sin le haghaidh an chabhlaigh agus an pháláis le linn Impireacht na nOtamánach agus caomhnaíodh táirgeadh na n-ológ le linn Impireacht na nOtamánach mar gheall ar bhlas agus cáilíocht mhaith na n-ológ dubh boird a táirgeadh i gceantair Gemlik, Mudanya, Iznik agus Orhangazi. Tá 107 dtaifead maidir le ceantar Gemlik, 86 thaifead maidir le ceantar Mudanya, 13 thaifead maidir le ceantar Orhangazi agus 11 thaifead maidir le ceantar Iznik i gcartlann na nOtamánach anois.

Cé is moite den cháil stairiúil atá ar "Gemlik Zeytini", tá cáil ar an modh próiseála freisin agus tagann ainm na teicníce próiseála as an gceantar céanna as a dtagann "próiseáilte de réir na stíle/an chineáil Gemlik". Déantar é a choipeadh i linnte le huisce agus le salann agus ní úsáidtear aon bhreiseán. I bpróiseáil na stíle Gemlik, éiríonn an osmóis níos tapúla. Mar thoradh air sin, cuirtear cosc ar bhogadh agus éiríonn uigeacht Gemlik zeytini níos crua.

I bpróiseáil na stíle Gemlik, déantar an searbhas a láisteadh isteach sa sáile go páirteach, agus coinníonn na hológa blas atá beagán searbh agus bíonn blas torthaíoch orthu freisin. Ina theannta sin, cruthaíonn an modh próiseála blas aigéadach lag in Gemlik zeytini.

I bpróiseáil an chineáil Gemlik, maidir le hológa den stíl “Salamura”: Buantar na hológa nuair a thagann dath corcra ar bhia an toraidh go ceann 2 mm ón gcraiceann i dtreo na cloiche. Aistrítear chuig an tsaoráid phróiseála iad. Tar éis grádú méide agus sórtáil a dhéanamh, nitear na hológa agus cuirtear i linnte coincréite nó in umair phoileitiléine, phoileistir nó snáithínghloine iad. Líontar umair le huisce óil (12 % de mheáchan iomlán na holóige). Thart ar 8 – 14 % salann sáile atá i dtiúchan an tsáile. Cumhdaítear na hológa le cláir agus le clocha troma (10 - 25 % de mheáchan iomlán na n-ológ) chun iad a choinneáil faoi uisce i sáile le linn an choipthe. Mar thoradh ar bhrú ard osmóiseach an tsalainn, baintear an searbhas de na hológa agus is féidir iad a ithe laistigh de 6-9 mí. Is féidir coipeadh aeraithe a úsáid freisin chun dlús a chur leis an bpróiseas coipthe rud a ghiorraíonn tréimhse an choipthe. Ar an gcaoi sin, tógann tréimhse an choipthe thart ar 5 mhí. Le linn an choipthe, faightear réidh leis an sáile tar éis na seiceálacha salainn agus pH a chur i gcrích. Déantar seiceáil ar an tsalandacht sna humair gach 2 nó 3 lá agus cuirtear salann isteach más gá. Is é sprioc an iarratais seo an cruth a bhaint amach atá beagán cothrom ar an dá thaobh, arb é sin an cruth is fearr leis an tomhaltóir.

Ológa den stíl “Sele”: Nitear na hológa a bhuantar, grádaítear de réir méide iad agus sailltear agus pacáiltear iad gan uisce. Cuirtear ológa agus salann (10 %–14 % de mheáchan iomlán na n-ológ) i gcoimeádáin gach re sraith. Tríd an teagmháil sin a dhéanann an ológ leis an salann, is féidir leis an salann dul isteach san ológ go héasca. Castar agus rolltar na coimeádáin phlaisteacha uair amháin gach 2-3 lá chun teagmháil na n-ológ leis an salann a mhéadú. Tógann an chéim sin idir 3 agus 4 mhí ar a laghad. Nuair a bhaintear an searbhas de na hológa, éiríonn craiceann na n-ológ an-rocach.

*Sainiúlacht an táirge*

Tá baint ag sainiúlacht “Gemlik Zeytini” leis na nithe seo a leanas;

— Craiceann tanaí a ghreamaíonn go láidir den bhia. Athraíonn airíonna an chraicinn freisin faoi dhálaí aeráide a bhíonn ag athrú.

— 410 dtoradh in aghaidh an chileagraim ar a mhéad

— Cóimheas salainn 14 % ar a mhéad (i mbáisín/umar sáile)

— Bia tiubh

— Cruth cruinn, cloch bheag

— Uigeacht chrua

— Dea-bholadh torthaíoch ard

— Blasanna ísle searbhais agus aigéadachta

— Dath dubh domhain

Tá tionchar ar na saintréithe sin ag na cineálacha O. europaea L. “Gemlik”, “Gemlik 21” agus “Gemlik 27”, atá á saothrú sa réigiún leis na blianta. Cé go ndéanann an aeráid, comhdhéanamh na hithreach agus an tíreolaíocht difear do mhéid, dath, cruth, craiceann agus dea-bholadh na n-ológ, déanann tosca daonna difear d’uigeacht agus do bhlas an táirge.

**Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta**

—

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA